

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA & SLÁINTE

An Teastas Sóisearach

NA TREOIRLÍNTE SEO

- *aidhmeanna*
- *an réasúnaíocht leis an OSPS*

CLÁR OSPS A PHLEANÁIL AGUS A CHOMHORDÚ SA SCOIL

- *cláir shamplacha*
- *imlínite molta an chláir*

MODHEOLAÍOCHTAÍ DON OSPS

- *straitéisí agus samplaí*
- *an múinteoir agus OSPS*

NA MODÚIL A MHÚINEADH

- *an timpeallacht foghlama*
- *deich modúl san áireamh*

MEASÚNÚ

- *conas measúnú a dhéanamh ar OSPS*
- *measúnú chun foghlama*

MÓIDE:

leideanna cabhracha,
an seomra ranga OSPS,
agus go leor eile...

CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ AR NA TREOIRLÍNTE	3
2	RÉASÚNAÍOCHT AGUS AIDHMEANNA	4
3	CLÁR UM OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE A PHLEANÁIL AGUS A CHOMHORDÚ	7
4	MODHEOLAÍOCHTAÍ MAIDIR LE HOIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE	21
5	NA MODÚIL A MHÚINEADH	32
6	MEASÚNÚ	68

Réamhrá ar na treoirlínte

RÉAMHRÁ

Is curaclam cumasúcháin é an curaclam OSPS – is iad na cuspóirí ná creatlach a sholáthar ina féidir leis an scoil clár OSPS a bhunú don tsraith shóisearach.

Leagtar amach aidhmeanna OSPS agus ról an chláir OSPS i réamhrá an churaclaim OSPS maidir le hoideachas déagóirí agus i gcomhthéacs scoil dara leibhéal. Roinntear creatlach an churaclaim i ndeich modúl, agus déantar gach ceann a athbhreithniú i ngach ceann de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Liostaítear na topaicí atá le clúdach, agus leagtar amach na haidhmeanna a bhaineann le gach topaic. Tá na dréacht-treoirlínte seo deartha chun tacú le múinteoirí i bhforfheidhmiú an churaclaim OSPS sa seomra ranga agus chun múinteoireacht agus foghlaim a dhearadh a thagann le haidhmeanna iomlána an OSPS agus na cuspóirí áirithe a bhaineann le gach topaic.

Eisítear na treoirlínte sin mar dhréacht. Tá sé beartaithe an taithí a bhaineann le OSPS sna scoileanna agus seomraí ranga le linn tréimhse tosaigh an chláir a imeascadh sna treoirlínte ina bhfoirm dheiridh.

Réasúnaíocht agus aidhmeanna

RÉASÚNAÍOCHT DON OSPS

Tá réamhrá níos cuimsithí ar OSPS le fáil sa churaclam OSPS

Tá sé soiléir go n-eascraíonn aidhmeanna oideachais na hÉireann ó thiomantas i ndáil le forbairt iomlán an duine, fíís ilghnéitheach maidir leis an tsochaí agus aitheantas ar chastacht agus ar shuibhreas an chaidrimh idir an duine aonair agus a p(h)obail áitiúil, náisiúnta agus domhanda:

- tuiscint agus léirthuisicint chriticiúil a chothú maidir leis na luachanna - morálta, spioradálta, reiligiúnacha, sóisialta agus cultúrtha - a bhí sainiúil ó thaobh sochaí na hÉireann a mhúnlú agus ar tugadh ómós dóibh riamh
- braistint na féiniúlachta pearsanta agus na féinmheasa a chothú mar aon le feasacht ar chumais, bhuanna agus teorainneacha an duine, agus meas ar na cearta agus na creidimh atá ag daoine eile
- fiúntas agus comhionannas a spreagadh don uile duine, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíbhuntáiste, trí thosca eacnamaíochta, sóisialta, fisiceacha agus intinne, i ndáil lena gcumas oideachasúil iomlán a fhorbairt
- scileanna intleachta agus meanma an fhiosraithe a fhorbairt chomh maith leis an gcumas anailís chriticiúil agus chuiditheach a dhéanamh
- buanna eispriseacha, cruthaitheacha agus ealaíne a fhorbairt chun lánchumas an duine a fhorbairt
- spiorad na féintuilleamaíochta, na nuálaíochta, na tionscnaíochta agus na samhlaíochta a chothú
- folláine coirp agus mothúcháin agus leas a chothú
- oideachas agus oiliúint riachtanach a sholáthar do dhaltaí chun tacú le forbairt eacnamaíochta na tíre agus cumas a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach sa tsochaí ar bhealach éifeachtach
- baill fhulangacha, chomhbhácha agus atá feasach ó thaobh na polaitíochta de a chruthú sa tsochaí
- cinntiú go bhfaigheann ógánaigh na hÉireann tuiscint ghéar ar an gcéannacht agus oidhreacht náisiúnta Eorpaigh, chomh maith le feasacht dhomhanda agus meas agus cúram don chomhshaol.

(Charting our Education Future, lch.10)

Leagtar amach ann go mbeidh oideachas a thacaíonn le forbairt phearsanta, shóisialta agus shláinte mar chuid de phróiseas oideachais a fhéachann leis an aidhm iomlánaíoch sin a chomhlíonadh. Comhlánaítear aidhm iomlánaíoch an oideachais le dearcadh iomlánaíoch den chineál céanna maidir leis an tsláinte. In áit a bheith ag breathnú ar shláinte go simplí mar easpa breoiteachta agus galair breathnaítear air anois ar bhonn níos ilghnéithí agus níos dinimiciúla. Is gné amháin í an tsláinte fhisiceach, ach ní féidir féachaint uirthi aisti féin ó shláinte mhothúcháinach, intinne, spioradálta, shóisialta, agus sláinte ghnéis. Baineann sláinte mhothúcháinach leis an gcumas mothúcháin a aithint agus a chur in iúl. Baineann sláinte intinne leis an gcumas machnamh agus breithiúnais a dhéanamh. Baineann sláinte spioradálta le go leor gnéithe den saol a imeascadh agus an cumas chun creideamh morálta agus/nó creideamh reiligiúnach a chur i bhfeidhm. Baineann sláinte shóisialta le himeascadh i gcaidrimh agus i sláinte ghnéisatá inghlactha mar léiriú ar an ngnéasacht. Mar thréimhse idirlinne, cuireann ógántacht éilimh mhóra ar ghnéithe uile na sláinte - gnéithe a dtugtar aghaidh orthu sa churaclam OSPS iomlán.

Ní hé Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte an t-aon ghné amháin den churaclam a chuireann sláinte chun cinn. Cuireann réimsí ábhar eile, atmaisféar iomlán na scoile, caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama agus caighdeán na gcaidreamh scoile agus seomra ranga le sláinte an phobail scoile freisin. Mar sin féin, cuireann an clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte am agus spás tiomanta ar fáil do dhaltaí le scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt chun foghlaim fúthu féin agus aire a thabhairt dóibh féin agus daoine eile agus chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte, saol pearsanta agus a bhforbairt phearsanta.

Tá breis aitheantais á thabhairt don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a thairgtear dár ndaoine óga mar ghné atá chomh tábhachtach le réimse ar bith eile den churaclam. Go deimhin, caithfidh forbairt phearsanta agus shóisialta a bheith ann ar dtús ionas go n-éireoidh leis an bhfoghlaim; beidh duine óg a bhfuil leibhéal ard féinfhiúntais aige/aici, braistint na slándála agus féiníomhá dhearfach níos ábalta do shaol na scoile agus d'éagsúlacht na gcásanna foghlama a chuirtear ar fáil inti.

Beidh tacaíocht ón mBord Bainistíochta, ón bpobal i gcoitinne agus ó thuismitheoirí go háirithe riachtanach i ndáil le forfheidhmiú rathúil chlár OSPS na scoile. Le tacaíocht mar seo, féadfar cur ar chumas na mac léinn a bheith rannpháirteach mar dhaoine fásta atá gníomhach agus freagrach i ngnéithe pearsanta agus sóisialta na sochaí agus cinntí freagracha a dhéanamh a léiríonn meas dá ndínit féin agus do dhínit daoine eile.

AIDHMEANNA OSPS

Ag cur le haidhmeanna an OSPS sa bhunscoil, is é aidhm an OSPS ag leibhéal an iarbhunoideachais

- cur ar chumas na ndaltaí scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt
- féinmheas agus féinmhuinín a chothú
- cur ar chumas na ndaltaí creat a fhorbairt i ndáil le cinnteoireacht fhreagrach
- deiseanna a chur ar fáil chun machnamh agus plé a dhéanamh
- sláinte agus folláine fhisiceach, intinne agus mhothúchánach a chothú

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE NA SRAITHE SÓISEARAÍ

A PHLEANÁIL AGUS A CHOMHORDÚ

Tugann an imlíne a leanas creatlach solúbtha inar féidir le scoileanna pleanáil a dhéanamh don chlár OSPS is oiriúnaí do dhaltaí agus don scoil. Tá próiseas pleanála riachtanach chun rath an chláir OSPS sa scoil a chinntiú. Ceadáíonn próiseas mar sin go mbreathnófaí ar riachtanais na ndaltaí, infhaighteacht na mball foirne agus na n-acmhainní agus an gaol atá idir an clár OSPS agus an chuid eile de churaclam na sraithe sóisearaí.

Ba chóir go ndéanfaidh ball foirne atá ceaptha mar chomhordaitheoir OSPS an phleanáil a stiúradh. Nuair nach féidir ceapachán mar sin a dhéanamh, beidh sé riachtanach do bhail foirne atá i mbun forbartha agus múinteoireachta ar OSPS teacht le chéile maidir le cruinnithe, pleanáil agus measúnú. Féadfaidh cruinnithe mar sin tacaíocht úsáideach a thabhairt do mhúinteoirí freisin.

Ba chóir don phróiseas pleanála agus comhordaithe déileáil leis na hábhair a leanas:

COMHTHÁITEACHT

Ba chóir don chlár trí bliana na modúil éagsúla a thabhairt le chéile ar bhealach comhtháite agus clúdach cothrom na dtéamaí agus na dtopaicí laistigh de na modúil a chinntiú. Féadfaidh modúil topaicí nó aidhmeanna a chuimsiú, atá comónta do mhodúil eile sa chlár trí bliana. Tá forluí mar sin riachtanach don chlár comhtháite agus iomlánaíoch; ba chóir topaicí agus scileanna a athbhreithniú go minic faoi cheannteidil dhifriúla agus ó pheirspictíochtaí éagsúla laistigh de chlár bíseach agus forbartha.

Is féidir le pleanáil cabhrú chun easnaimh a sheachaint, a bhíonn mar thoradh ar chur chuige seachránach, agus dúbláil a chuireann mearbhall ar dhaltaí. Lena chois sin, is féidir le clár comhtháite a chinntiú nach bhfuil OSPS bunaithe ar chóireáil aonuaire na gceisteanna de réir mar a thagann fadhbanna nó géarchéimeanna aníos.

Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí ábhair eile bainteach le forbairt an chláir, go háirithe san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, Eacnamaíocht Bhaile agus Eolaíocht nuair a chlúdaítear topaicí cosúla. An an mbealach seo, déantar athrá neamhriachtanach a sheachaint agus baintear an úsáid is fearr as am OSPS.

AM A DHÁILEADH DO THOPAIC

Déantar cur síos ar na topaicí atá i ngach modúl agus cuirtear na haidhmeanna agus torthaí in iúl. Ní thógfadh gach topaic tréimhse ranga iomlán; féadfaidh topaicí eile tréimhsí ranga breise a thógáil.

NA MODÚIL A CHUR IN ORD

Féadfaidh scoileanna nó múinteoirí na modúil a chur in ord de réir riachtanais nó cúinsí na scoile. Moltar go láidir go mbeadh dlúthnasc idir na modúil ar chairdeas agus caidrimh agus gnéasacht.

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

Ba chóir pleanáil a dhéanamh maidir le hoideachas caidrimh agus gnéasachta bunaithe ar pholasaí na scoile sa réimse sin.

MEASÚNÚ

Ba chóir don phróiseas pleanála díriú ar an mbealach is féidir gnóthachtáil na ndaltaí san OSPS a mheasúnú agus a dhámhachtain. Ba chóir dó pleanáil a dhéanamh freisin le tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí ar dhul chun cinn na ndaltaí le linn trí bliana na sraithe sóisearaí.

IMPLEACHTAÍ DON SCOIL UILE

Toisc na ngnéithe a bhaineann leis an scoil uile den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte atá leagtha amach i ndoiciméad an tsiollabais, tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an clár OSPS eolas ar fáil agus go bhfaigheadh sé treoir ó ghnéithe eile de shaol na scoile, cosúil le beartas bulaíochta agus beartas caitheamh tobac agus drugaí mar shampla. Ba chóir an bord bainistíochta, an príomhoide, baill foirne agus thuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le forbairt

agus forfheidhmiú an chlár. Bíonn tacaíocht ghníomhach an phríomhoide mar réamhchoinníoll ionas go n-éireoidh leforfheidhmiú rathúil an chlár OSPS sa scoil.

ATHBHREITHNIÚ

Ba chóir don phróiseas pleanála straitéis athbhreithnithe a chur san áireamh, a chuireann in iúl conas is féidir déileáil le ceisteanna a thagann aníos le linn forfheidhmiú an chlár. Lena chois sin, ba chóir cur síos a bheith ann ar cathain agus conas a dhéanfar measúnú ar an gclár. Ba chóir don mheasúnú an phríomhfhoireann, na tuismitheoirí agus daltaí a chur san áireamh.

Féadfaidh measúnú mar sin an seicliosta a leanas a úsáid:

Ábharthacht: An bhfuil an clár ag freastal ar aidhmeanna foriomlána an OSPS chomh maith le riachtanais,

leasanna agus ábhair inní na bhfoghlaimoirí a shásamh?

Éifeachtacht: An bhfuil an clár ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach?

Múinteoireacht agus Foghlaim: An bhfuil modhanna oiriúnacha á n-úsáid don ghrúpa ar leith?

CLÁIR SHAMPLACHA OSPS

Cuirtear dhá chlár shamplacha i láthair anseo. Sampla A - ullmhaithe ag múinteoirí do scoil mhór chomhoideachais i suíomh uirbeach. Sampla B - ullmhaithe ag múinteoirí atá ag obair i scoil aonghnéis i mbaile beag.

Leagann na samplaí sin béim ar na nithe a leanas:

- caithfidh an clár OSPS riachtanais áirithe na scoile agus na ndaltaí a chur san áireamh;
- caithfidh an clár a bheith íogaireach do dhinimicí na scoilbhliana.

Lena chois sin, cuirtear teimpléad pleanála san áireamh le húsáid ag scoileanna agus ag múinteoirí.

CLÁR SAMPLACH A

ULLMHÚCHÁN MAIDIR LE SCOIL MHÓR UIRBEACH CHOMHOIDEACHAIS

IMLÍNE MHOLTA AN CHLÁIR

AN CHÉAD BHLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh	<ul style="list-style-type: none"> • Ag dul isteach i ngrúpa nua • Ag déileáil leis an athrú
	Féinbhainistíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Mé féin a eagrú • Mo chuid oibre a eagrú sa bhaile agus ar scoil • Cóimheá i mo shaol
	Sláinte Fhisiceach	<ul style="list-style-type: none"> • Aclaíocht
	Scileanna cumarsáide	<ul style="list-style-type: none"> • Ag foghlaim conas éisteacht • Tú féin a chur in iúl
	Sábháilteacht Phearsanta	<ul style="list-style-type: none"> • Aire a thabhairt dom féin • Druil dóiteáin • Sábháilteacht ar na bóithre
	Muintearas agus Imeascadh	<ul style="list-style-type: none"> • Meas ar an éagsúlacht • Gnó do gach duine an bhulaíocht
	Cairdeas	<ul style="list-style-type: none"> • Cairde nua a dhéanamh
	Tionchair agus Cinntí	<ul style="list-style-type: none"> • Mo chuid laochra
Eanáir – Márta	Modúl	Topaic
	Sláinte Mhothúchánach	<ul style="list-style-type: none"> • Mothúcháin a aithint • Meas ar mo chuid mothúchán féin agus ar mhothúcháin daoine eile
	Cairdeas	<ul style="list-style-type: none"> • Cara maith
	Caidrimh agus Gnéasacht Oideachas	<ul style="list-style-type: none"> • Mise i mo dhuine uathúil ar leith • Cairdeas • Athruithe san ógántacht • An córas atáirgthe • Íomhánna d'fhir agus de mhná • Meas orm féin agus ar dhaoine eile
	Sláinte Fhisiceach	

		<ul style="list-style-type: none"> • Cúram an choirp • Bia folláin a ithe
Aibreán - Meitheamh	Modúl	Topaic
	<p>Úsáid substaintí</p> <p>Tionchair agus Cinntí</p> <p>Scileanna cumarsáide</p> <p>Féinbhainistíocht</p> <p>Sábháilteacht Phearsanta</p> <p>Féinbhainistíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cén fáth a dtógfadh aon duine drugaí? • Caitheamh tobac: cén fáth, cén fáth nár cheart? • Alcól • Tuaslagóirí • Mo chuid laochra, tionchair shuntasacha • Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach • Obair bhuíne • Aire a thabhairt dom féin • Mé féin a eagrú

IMLÍNE MHOLTA AN CHLÁIR

AN DARA BLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	<p>Muintearas agus Imeascadh</p> <p>Úsáid substaintí</p> <p>Cairdeas</p> <p>Muintearas agus imeascadh</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht</p> <p>Féinbhainistíocht: rún daingean</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Breathnú siar, breathnú chun cinn • Iarmhairtí na ndrugaí • Alcól agus iarmhairtí an alcóil • Alcól: cén fáth/cén fáth nár cheart? • Cannabas agus iarmhairtí an channabais • Cannabas: cén fáth/cén fáth nár cheart? • Mar a athraíonn an cairdeas • Grúpobair • Ó choimpeart go breith • Céard a spreagann mé? • Scileanna staidéir
Eanáir – Márta	Modúl	Topaic
	<p>Tionchair agus Cinntí</p> <p>Sláinte Mhothúcháin</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht</p> <p>Sláinte Fhisiceach</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha • Cinnteoireacht • Féinmhuinín • Íomhá choirp • Piarbhrú agus tionchair eile • Caidrimh a bhainistiú • Cúram an choirp agus íomhá choirp • Braistintí agus mothúcháin a aithint agus a chur in iúl
Aibreán – Meitheamh	Modúl	Topaic
	<p>Muintearas agus Imeascadh</p> <p>Scileanna cumarsáide</p> <p>Sábháilteacht Phearsanta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Naisc theaghlaigh • Cumarsáid threallúsach • Braistint faoi bhagairt

IMLÍNE MHOLTA AN CHLÁIR AN TRÍÚ BLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh Féinbhainistíocht Sláinte Fhisiceach Sábháilteacht Phearsanta Sláinte Mhothúcháin Úsáid substaintí Cairdis	Spriocanna do bhliain a trí conradh oibre <ul style="list-style-type: none"> • Mo chuid ama a eagrú • Ag pleanáil don staidéar éifeachtach • Aclaíocht fhisiceach • Aiste Bia • An chontúirt a aithint • Foréigean • Braistintí agus mothúcháin • Eacstaise – i ndáiríre • Hearóin – i ndáiríre • Cairdeas idir buachaillí agus cailíní
Eanáir – Márta	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh Sláinte Mhothúcháin Sláinte Fhisiceach Caidrimh agus Gnéasacht Tionchair agus Cinntí Féinbhainistíocht Scileanna cumarsáide	<ul style="list-style-type: none"> • Conradh oibre athbhreithnithe • Strus • Scíth • Íomhá choirp • An dea-chinnteoireacht • Ag déileáil le scrúduithe • Ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh • Cumarsáid i gcásanna coinbhleachta
Aibreán – Meitheamh	Modúl	Topaic
	Caidrimh agus Gnéasacht Sábháilteacht Phearsanta	<ul style="list-style-type: none"> • Cá bhfuil mé anois? • Caidreamh – an ghné atá tábhachtach • Meas, cearta agus freagrachtaí • Coinbhleacht • Gníomhaireachtaí cabhrach

CLÁR SAMPLACH B

ULLMHÚCHÁN MAIDIR LE SCOIL AONGHNÉIS MHEÁNMHÉIDE I mBAILE BEAG IMLÍNE MHOLTA AN CHLÁIR AN CHÉAD BHLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh Cairdeas Sábháilteacht Phearsanta Féinbhainistíocht Scileanna cumarsáide Sláinte Fhisiceach	<ul style="list-style-type: none"> • Ag dul isteach i ngrúpa nua • Athrú • Bulaíocht • Cairde nua a dhéanamh • Aire a thabhairt dom féin • Sábháilteacht ar na bóithre • Mé féin a eagrú • Mo chuid oibre a eagrú sa bhaile agus ar scoil • Tú féin a chur in iúl • Ag foghlaim conas éisteacht • Bia folláin a ithe • Cúram an choirp
Eanáir – Márta	Modúl	Topaic
	Sláinte Mhothúcháinach Cairdeas Caidrimh agus Gnéasacht Féinbhainistíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Na mothúcháin a aithint • Meas ar mo chuid mothúcháin • Cara maith • Mise i mo dhuine uathúil ar leith • Cairdeas • Athruithe san ógántacht • An córas atáirgthe • Íomhánna de mhná agus d'fhir • Meas orm féin agus ar dhaoine eile • Obair bhuíne
Aibreán – Meitheamh	Modúl	Topaic
	Úsáid substaintí	<ul style="list-style-type: none"> • Cén fáth a dtógfadh aon duine drugaí? • Caitheamh tobac - cén fáth? • Cén fáth nár cheart?

	<p>Tionchair agus cinntí</p> <p>Scileanna cumarsáide</p> <p>Féinbhainistíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Caitheamh tobac - agus na hiarmhairtí • Cúrsaí alcóil - na fíricí • Tionchair shuntasacha • Glacadh le hindibhidiúlacht • Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach • Mé féin a eagrú
--	---	---

IMLÍNE MHOLTA AN CHLÁIR AN DARA BLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	<p>Muintearas agus Imeascadh</p> <p>Scileanna cumarsáide</p> <p>Cairdeas</p> <p>Féinbhainistíocht</p> <p>Tionchair agus cinntí</p> <p>Úsáid substaintí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Breathnú siar • Breathnú chun cinn • Grúpobair • Cumarsáid threallúsach • Mar a athraíonn an cairdeas • Céard a spreagann mé? • Scileanna staidéir • Tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha • Cinnteoireacht • Iarmhairtí na ndrugaí • Alcól agus iarmhairtí an alcóil • Alcól; cén fáth/cén fáth nár cheart?
Eanáir - Márta	Modúl	Topaic
	<p>Úsáid substaintí</p> <p>Sláinte Mhothúcháin</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cannabas agus iarmhairtí an channabais • Cannabas; cén fáth/cén fáth nár cheart? • Féinmhuinín • Íomhá choirp • Ó choimpeart go breith • Braistintí agus mothúcháin a aithint agus a chur in iúl • Piarbhrú agus Tionchair eile • Caidrimh a bhainistiú

		<ul style="list-style-type: none"> • Cinnteoireacht iontaofa • Sláinte agus sábháilteacht phearsanta
Aibreán - Meitheamh	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh Sláinte Fhisiceach Sábháilteacht Phearsanta	<ul style="list-style-type: none"> • Naisc theaghlaigh • Cúram an choirp agus íomhá choirp • Timpistí sa bhaile agus ar scoil • Braistint faoi bhagairt

IMLÍNE MHOILTA AN CHLÁIR AN TRÍÚ BLIAIN

Meán Fómhair - Nollaig	Modúl	Topaic
	Muintearas agus Imeascadh Cairdeas Caidrimh agus Gnéasacht Sláinte Fhisiceach Sábháilteacht Phearsanta	Spriocanna do bhliain a trí <ul style="list-style-type: none"> • Conradh oibre • Caidreamh idir buachaill/cailín • Íomhá choirp • Cá bhfuil mé anois? • Caidreamh... an ghné atá tábhachtach • Meas, cearta agus freagrachtaí • Aclaíocht fhisiceach • Scíth • Aiste Bia • An chontúirt a aithint • Foréigean
Eanáir - Márta	Modúl	Topaic
	Féinbhainistíocht Scileanna cumarsáide Tionchair agus cinntí Sláinte Mhothúcháin	<ul style="list-style-type: none"> • Mo chuid ama a eagrú • Ag pleanáil don staidéar éifeachtach • Ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh • Cumarsáid i gcásanna coinbhleachta • An dea-chinnteoireacht • Strus • Braistintí agus mothúcháin

Aibreán - Meitheamh	Modúl	Topaic
	Féinbhainistíocht Úsáid substaintí Sábháilteacht Phearsanta	<ul style="list-style-type: none"> <li data-bbox="1015 228 1382 260">• Ag déileáil le scrúduithe <li data-bbox="1015 291 1382 323">• Eacstaise – i ndáiríre <li data-bbox="1015 354 1382 386">• Gníomhaireachtaí cabhrach

**TEIMPLÉAD AN CHLÁIR ATÁ LE hÚSÁID AG SCOILEANNA
AN CHÉAD BHLIAIN**

Meán Fómhair – Nollaig

Modúl

Topaic

Eanáir – Márta

Modúl

Topaic

Aibreán – Meitheamh

Modúl

Topaic

**TEIMPLÉAD AN CHLÁIR ATÁ LE hÚSÁID AG SCOILEANNA
AN DARA BLIAIN**

Meán Fómhair – Nollaig

Modúl

Topaic

Eanáir – Márta

Modúl

Topaic

Aibreán – Meitheamh

Modúl

Topaic

**TEIMPLÉAD AN CHLÁIR ATÁ LE hÚSÁID AG SCOILEANNA
AN TRÍÚ BLIAIN**

Meán Fómhair – Nollaig

Modúl

Topaic

Eanáir – Márta

Modúl

Topaic

Aibreán – Meitheamh

Modúl

Topaic

MODHEOLAÍOCHTAÍ MAIDIR LE HOIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE

STRAITÉISÍ MÚINTEOIREACHTA AGUS FOGHLAMA

Baineann modhanna múinteoireachta san OSPS le heolas, dearcaí agus scileanna a fháil a mbíonn impleachtaí acu ar chúrsaí iompraíochta. Tá stíl mhúinteoireachta oscailte agus éascaitheach riachtanach mar aon le modheolaíochtaí rannpháirteacha agus eispéireasacha. Ní bhaineann modheolaíochtaí mar sin le OSPS amháin. Baineann múinteoirí na n-ábhar uile leas as modhanna gníomhfhoghlama ó thráth go chéile. Tarraingíonn taighde ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim aird ar an riachtanas a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do stíleanna foghlama difriúla sa seomra ranga.

Thug tionscnaimh cosúil le Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, réamhrá ar Oideachas, Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil agus, sa tsraith shinsearach, an Idirbhliain, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach oiliúint agus tacaíocht do mhúinteoirí maidir le foghlaim rannpháirteach, eispéireasach agus ghníomhach.

Ní modhanna múinteoireachta agus foghlama nua iad na modhanna atá molta – tá siad in úsáid go forleathan. Mar sin féin, teastaíonn eolas áirithe maidir leis na cur chuigí múinteoireachta agus foghlama chun OSPS éifeachtach a sheachadadh. Tá cothromaíocht riachtanach san OSPS idir eolas, fabhrú coincheapa, tuiscint, scileanna agus dearcaí. Go deimhin ar mhórán bealaí, tugann daltaí eolas chuig an seomra ranga OSPS chun scrúdú criticiúil, anailís agus measúnú a dhéanamh. Ní dhíríonn na modhanna díreach ar eolas a sheoladh ar aghaidh ach ar **phróiseáil** an eolais sin freisin.

RÓL AN MHÚINTEORA

Glacann múinteoir OSPS ról éascaitheach sa seomra ranga. Baineann an ról seo le foghlaim na ndaltaí a eagrú, dúshlán a thabhairt do dhaltaí freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus an obair atá le déanamh a mhúnlú. Tasc riachtanach don mhúinteoir is ea atmaisféar tacaíochta a chruthú don chur chuige seo. Nuair a bhíonn modheolaíochtaí foghlama eispéireasacha in úsáid, caithfidh an múinteoir aithint go dtarlaíonn foghlaim shuntasach idir na

daltaí féin agus idir an dalta agus an múinteoir. Caithfidh an múinteoir a bheith oile i gcúrsaí foghlama a éascú a bhaineann le rialacha bunúsacha a shocrú agus tacú le scileanna próiseála a fhorbairt.

AN TIMPEALLACHT FHOGHLAMA

Nuair a bhíonn timpeallacht fhoghlama á forbairt, beidh an múinteoir cúramach atmaisféar a chruthú, a thugann meas do phríobháideachas na ndaltaí aonair agus a dhéileálann leis na daltaí uile le hógair agus cúram cuí. Áirítear leis na gnéithe tábhachtacha:

- leibhéal iontaoibhe, measa agus dearfachta do dhaltaí
- na caidrimh idir an múinteoir agus daltaí agus i measc na ndaltaí féin
- riachtanais na ndaltaí
- cosaint an mhúinteora
- an gá atá le hionchais, spriocanna agus cuspóirí foghlama atá soiléir
- nósanna imeachta atreoraithe laistigh den scoil agus feasacht na ndaltaí maidir leis na cúrsaí sin.

Tá sé tábhachtach rialacha bunúsacha agus cóid iompraíochta a phlé agus a aontú leis an rang agus iad a athbhreithniú go rialta. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith páirteach i bhforbairt na rialacha bunúsach, go háirithe san OSPS.

RIALACHA BUNÚSACHA

Ionas go dtarlóidh foghlaim éifeachtach sna ranganna OSPS, caithfear atmaisféar iontaoibhe agus measa a chruthú. Mar chéad chéim chun atmaisféar mar sin a chruthú, caithfear na rialacha bunúsacha nó conradh ranga a dhréachtú. Feiceann mórán múinteoirí OSPS gur pointe tagartha luachmhar iad na rialacha bunúsacha le linn na trí bliana; d'fhorbair níos mó agus níos mó múinteoirí atá ag múineadh ábhair eile conarthaí den chineál céanna dá n-ábhair féin. Tá cur chuige scoile uile forbartha ag scoileanna áirithe maidir leis na conarthaí sin a bhfuil feidhm leo i ngach rang a dhréachtú. Soiléiríonn rialacha bunúsacha na róil, cearta agus freagrachtaí a bhaineann le gach duine sa chaidreamh foghlama. Lena chois sin, bíonn meas san OSPS ar phríobháideachas an duine agus bunaítear teorainneacha cuí maidir leis na hábhair is féidir a phlé sa díospóireacht ranga.

Ba chóir rialacha a shonrú go dearfach agus níor chóir an-iomarca rialacha a bheith i gceist. Caithfidh riail a

bheith infheidhmithe. Cabhraíonn rialacha chun fuinneamh an ghrúpa a dhíriú i dtreo spriocanna agus tascanna sainiúla.

SAMPLA DE RIALACHA BUNÚSACHA/CHONRADH RANGA

AONTAÍMID GURB IAD SEO NA BEALÁÍ IS FÉIDIR LINN OIBRIÚ AR MHAITHE LE RATH AN GHRÚPA

Rúndacht*	Ní phléitear sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a nochtadh sa rang lasmuigh den ghrúpa. Is féidir liom labhairt faoi mo chuid foghlama sa rang, an t-ábhar atá á chlúdach agus na gníomhaíochtaí atá idir lámha againn.
Freagracht	Glacfaidh mé freagracht as cad a roinnim agus déanfaidh mé RÁITIS 'MÉ' . Roinnfidh mé freagracht maidir le dul chun cinn an ghrúpa ranga.
Saoirse	Tá saoirse agam roghnú a bheith rannpháirteach i ndíospóireacht nó gan a bheith.
Rannpháirtíocht	Beidh mé rannpháirteach agus ní bheidh mé ceannasach.
Éisteacht	Éistfidh mé nuair a bheidh duine eile ag labhairt.
Meas	Beidh meas agam ar dhearcadh daoine eile fiú amháin nuair atá siad difriúil ó mo dhearcadh féin.
Iarratas	Iarrfaidh mé rud má theastaíonn sé uaim.
Maoirseacht ama	Coinneoidh mé leis an am atá leagtha amach don tasc.
Ábhair	Tabharfaidh mé na hábhair liom atá riachtanach don rang agus cuirfidh mé tasc baile ar bith i gcrích ionas gur féidir leis an ngrúpa dul chun cinn a dhéanamh chuig an gcéad chéim foghlama eile.
Poncúlacht	Beidh mé poncúil.

SÍNITHE _____

Bíonn cóip shínithe ar leith ag an múinteoir agus na daltaí de na Rialacha Bunúsacha/den Chonradh Ranga a dréachtaíodh agus a aontaíodh le chéile. Déanfar tagairt dóibh ag staideanna éagsúla de réir mar a fhorbraíonn an grúpa.

***Níor chóir do mhúinteoirí ráthaíochtaí neamhchoinníollacha rúndachta a thabhairt. Ba chóir a mhíniú do dhaltaí go mb'fhéidir i gcásanna áirithe go mbeadh ar mhúinteoir comhairle a lorg faoi cheist a ardaíodh sa rang nó insint do dhuine éigin faoi eolas a nochtadh sa rang. Lena chois sin, ní mór do mhúinteoirí a bheith íogaireach do**

phríobháideachas na gcúinsí teaghlaigh agus beidh teorainneacha soiléire le tarraingt maidir leis na díospóireachtaí ar fad. Caithfear daltaí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann lena bpríobháideachas féin, agus príobháideachas a dteaghlaigh.

MÚINTEOIREACHT AGUS FOGHLAIM A DHEARADH SAN OSPS – GRÚPOBAIR AGUS FOGHLAIM EISPÉIREASACH

OBAIR GHRÚPA

An modh oibre is éifeachtaí nuair atá an próiseas foghlama sna ranganna OSPS á eagrú ná feidhmiú i ngrúpaí beaga. Roinntear an rang i ngrúpaí de 4-6 dalta nó ina mbeirteanna nó ina dtriúr i gcásanna áirithe. Is é ról an mhúinteora ná an rang a eagrú ar bhealach inar féidir obair éifeachtach a chur i gcrích sna grúpaí. Sa ghrúpobair, tarlaíonn an leibhéal foghlama is suntasaí idir na daltaí féin, seachas idir na daltaí agus an múinteoir. Mar sin féin, bíonn ionchur suntasach ag an múinteoir le linn agus tar éis na hoibre sa ghrúpa, ionas gur féidir le foghlaim tarlú idir daltaí.

Áirítear leis na buntáistí atá ag obair ghrúpa:

- Roinntear freagracht na foghlama idir múinteoirí agus daltaí
- Feabhsaítear cúrsaí cumarsáide
- Malartaítear smaointe ar bhonn na smaointe agus mothúchán a bhaineann leis na rannpháirtithe uile
- Féadfar fadhbanna a réiteach ar bhealaí difriúla trí daltaí a spreagadh úinéireacht a ghlacadh maidir le fadhbanna agus réitigh
- Foghlaimíonn daoine aonair conas éisteacht, conas déileáil le coimhlint, agus conas fanacht ciúin
- Forbraítear féinmheas trí bheith mar bhall luachmhar de ghrúpa agus scileanna idirphearsanta a fhorbairt
- Féadfar difreáil a éascú de réir taisc agus toraidh

Caithfear roinnt tosca a bhreithniú chun tacú le hobair ghrúpa éifeachtach i ndáil le daltaí na sraithe sóisearaí.

RÉASÚNAÍOCHT DO CHRUTHÚ NA nGRÚPAÍ

Ba chóir go mbeadh eolas ag daltaí ar na fáthanna a úsáidtear grúpobair chun tasc a chur i gcrích. Cabhraíonn sé leo léirthuiscint a fháil ar an luach atá le hobair ghrúpa agus spreagann sé rannpháirtíocht phearsanta. Féadfaidh treoracha doiléire cosúil le *‘téigh i ngrúpaí agus cuir an tasc i gcrích’* tabhairt le fios go bhfeidhmíonn obair ghrúpa mar mhodh chun an t-am a chaitheamh seachas mar ionstraim foghlama.

TASC SOILÉIR A THABHAIRT DO DHALTAÍ

Ba chóir an tasc a shonrú go soiléir agus cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann leis an tasc a chur i gcrích. Bíonn mearbhall ar dhaltaí ag treoracha cosúil le *‘pléigh an t-ábhar i ngrúpaí’* nó *‘oibrigh ar na bileoga eolais i ngrúpaí’*.

Samplaí de thascanna soiléire:

‘Caithfidh an grúpa teacht ar thrí chúis le x agus trí chúis ina choinne’.

‘Caithfidh an grúpa teacht ar sluán do phóstaer atá le léiriú sa bhunscoil chun caitheamh tobac a dhíspreagadh’.

AM DÁILTE LEIS AN TASC A CHUR I gCRÍCH

Bachóir an méid ama atá dáilte don ghrúpobair a chur in iúl go soiléir. Má bhíonn tasc le críochnú ag grúpa agus ansin torthaí na hoibre le cur i láthair ina dhiaidh sin, ba chóir miondealú an ama a thabhairt.

DÁILEADH RÓL LAISTIGH DEN GHRÚPA

Féadfar róil shainiúla a thabhairt do bhaill an ghrúpa nuair a chuirtear tús leis an obair ghrúpa - ó bhéal nó i bhfoirm scríofa. Rogha eile ná go bhféadfadh na daltaí a ról a roghnú laistigh dá ngrúpa. Féadfaidh an múinteoir róil áirithe a shannadh de réir mar a thugann sé/sí cuairt ar an ngrúpa. Ba chóir go bhfaigheadh daltaí deis taithí a fháil ar róil éagsúla thar thréimhse ama. Ba chóir an ról a thugtar agus an fhreagracht a bhaineann leis a leagan amach go soiléir.

CATHAOIRLEACH

‘Tá tú i do chathaoirleach ar an ngrúpa seo inniu. Tá freagracht ort a chinntiú go bhfuil deis ag gach duine labhairt agus go bhfaigheann siad cluas éisteachta. Caithfidh tú a chinntiú freisin go ndíríonn an grúpa ar na tascanna atá leagtha amach.’

MAOR AMA

‘Iarradh ort a bheith mar mhaor ama don ghrúpa. Tá freagracht ort meabhrú don chathaoirleach cé mhéid ama atá fágtha maidir le gach tasc.’

TUAIRISCEOIR

Ba chóir go mbeadh eolas ag daltaí ar an mbealach chun obair ghrúpa a thuairisciú ag tús na hoibre – an ndéanfaidh dalta amháin nó beirt dhaltaí é, trí thuairisc scríofa nó bhéil, trí cheisteanna ón mhúinteoir agus daltaí eile. Má thugann ball den ghrúpa faoin bpróiseas tuairiscithe, féadfar iad a aithint ag tús na grúpoibre nó le linn cuairte an mhúinteora. Cé go bhfuil luach áirithe ag baint le grúpaí a roghnaíonn a dtuairisceoir féin, ciallaíonn roghnú an mhúinteora go bhfaigheann gach dalta deis an scil sin a fhorbairt.

BREATHNÓIR

Ag brath ar an ngrúpa agus an tasc atá ar bun, d'fhéadfaí dalta a cheapadh mar bhreathnóir. An tasc atá aige/aici ná tabhairt faoi deara cad atá ag tarlú sa ghrúpa agus tuairisciú don ghrúpa chomh fada agus is féidir ar an méid atá cloiste nó feicthe aige/aici. Baineann an ról le nithe a aithint a chabhraíonn leis an ngrúpa comhoibriú lena chéile agus an tasc a chomhlíonadh agus cad atá mar bhac leis an dul chun cinn. Féadfaidh an breathnóir díriú ar na samplaí a leanas:

Cén uair is fearr ar fheidhmigh an grúpa?

Ar stop an grúpa ag feidhmiú go héifeachtach ag staid ar bith?

Cad a tharla?

Teastaíonn sáríogaireacht sa ról áirithe sin maidir le mothúchán na ndaoine aonair laistigh den ghrúpa. Dá réir sin, ba chóir don bhreathnóir díriú ar rudaí dearfacha agus gan baill aonair den ghrúpa a ainmniú astu féin.

‘CUAIRT’ MHONATÓIREACHTA AN MHÚINTEORA AR A LAGHAD UAIR AMHÁIN LE LINN NA GRÚPOIBRE CHUN DALTAÍ A CHOINNEÁIL DÍRITHE AR AN TASC

Tá tábhacht ag baint le seasamh an mhúinteora maidir leis na grúpaí. Má fhanann an múinteoir amach ó ghrúpaí, d'fhéadfadh sé sin tabhairt le fios nach bhfuil an obair atá á déanamh ina cuid den mhúinteoireacht nó den fhoghlaim 'réadúil'. Ina ionad sin, ba chóir don mhúinteoir bogadh mórthimpeall an ranga le linn na grúpoibre, ag dul chomh fada le gach grúpa agus b'fhéidir iarraidh ar dhalta amháin obair an ghrúpa a choimriú ag an bpointe sin agus iarraidh ar dhalta eile a choimre a thabhairt ar an gcéad chéim eile sa phróiseas pleanála.

TORTHAÍ NA GRÚPOIBRE A ÚSÁID SA CHUID EILE DEN CHEACHT NÓ I gCEACHTANNA INA DHIAIDH SIN.

Eascraíonn cuid d'éifeachtúlacht an ghrúpa ón mbealach a úsáideann múinteoirí agus daltaí rannpháirtíocht an ghrúpa i suíomh iomlánach an ranga. Ní mórán seans go bhfeicfidh daltaí go bhfuil aon luach ag baint leis an achar a caitheadh ar obair mura dtagraítear di nó mura n-úsáidtear í sa rang ina dhiaidh sin.

Leid don Mhúinteoir


Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhforbraíonn múinteoirí agus daltaí scileanna grúpoibre thar thréimhse ama trí rannpháirtíocht ghníomhach.

Fiú amháin le dea-phleanáil, is féidir le grúpobair teipeadh ar na haidhmeanna a bhaint amach ar chúiseanna éagsúla. Is féidir le himeachtaí nach mbíonn aon smacht ag an múinteoir orthu – athrú ar an seomra ranga, am an lae, ceacht roimhe sin, eachtra éigin le linn an tsosa nó díospóid ranga – an bonn a bhaint d'acmhainneacht na grúpoibre.

FOGHLAIM EISPÉIREASACH

Aithnítear go forleathan go bhfuil an modh eispéireasach struchtúrtha, nó foghlaim ghníomhach, ar an modh is oiriúnaí le húsáid i bhfoirmeacha uile an OSPS. Cinntíonn úsáid an mhodha i dtimpeallacht an tseomra ranga go mbíonn daltaí rannpháirteach go gníomhach ina bhfoghlaim féin. Ní chiallaíonn sé go mbíonn siad díreach ina suí ansin ag sú isteach an eolais. Tugann rannpháirtíocht ghníomhach suntas níos mó don fhoghlaim mar gheall go n-eascraíonn sé as eispéireas, smaointe agus iompar na ndaltaí féin.

Bíonn ceithre chéim i gceist leis an modh; eispéiriú, próiseáil, ginearálú agus feidhmiú an eolais.



Ginearálú

Seo í an ‘staid ghníomhaíochta’ go hiondúil. Déantar eispéireas a ghiniúint sa seomra ranga trí chleachtadh struchtúrtha a úsáid cosúil le rólghlacadh, ionsamhlúchán, drámaíocht, dul i ngleic leis an téacs, srl. Caithfidh na daltaí a bheith ina rannpháirtithe seachas ina mbreathnóirí san eispéireas tosaigh seo.

PRÓISEÁIL

I dtús báire, baineann próiseáil le próiseas machnaimh agus roinnte i ndáil le frithfhreagairtí éagsúla ar an eispéireas. Tarlaíonn anailís ina dhiaidh sin trí mhodhanna éagsúla chun fiosrú agus measúnú a dhéanamh ar an eispéireas tosaigh agus na frithfhreagairtí a bhaineann leis.

GINEARÁLÚ

Sa chéim seo den phróiseas, faightear ginearáluithe ón roinnt, ón bplé agus ó na prionsabail a fhorbraítear. Déantar machnamh ar an gcaoi a bhféadfaidís dul i bhfeidhm ar dhearcadh agus ar iompar i gcomhthéacs luachanna morálta, reiligiúnacha agus cultúrtha.

FEIDHMIÚ AN EOLAIS

Baineann an ceathrú céim den phróiseas leis an bhfoghlaim a chur i bhfeidhm i ndálaí nua. Is féidir leis an múinteoir modheolaíochtaí éagsúla a úsáid chun forfheidhmiú na foghlama a spreagadh i gcomhthéacsanna nua. Ba chóir daltaí a spreagadh chun plean gníomhaíochta a shocrú dóibh féin – go gearrthéarmach nó go fadtéarmach mar thoradh a gcuid foghlama. Féadfar é seo a scríobh sa dialann OSPS a choinnítear le linn an chláir.

Leid don Mhúinteoir

Téitear i ngleic le téacs mar chuid den fhoghlaim eispéireasach má bhíonn na nithe a leanas i gceist;

- bíonn daltaí eolach ar chuspóir an téacs
- bíonn an téacs ar an bpríomhacmhainn a bhaineann leis an gcéim phróiseála.

RÓL AN MHÚINTEORA

Tá an múinteoir freagrach as na gnéithe foghlama eispéireasacha den chlár OSPS a dhearadh, a phleanáil agus a struchtúró. Ba chóir do na cleachtaí agus don anailís ina dhiaidh sin aidhmeanna an OSPS agus suíomh na gceachtanna sa chlár iomlán a chur in iúl. Ní gá gur eispéireas foghlama a bheadh i gceist le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht. Chomh maith le bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht, déantar daltaí a éascú ó anailís go dtí próiseáil go dtí feidhmiú an eolais sa deireadh thiar.

Bíonn tráthúlacht an phróisis foghlama eispéirigh fíorthábhachtach. Cé go bhféadfaí béim mhór a chur ar an gcéim eispéirithe, agus níos lú arís, ar an gcéim phróiseála i gceacht nó i sraith ceachtanna, déantar faillí ar an dá chéim eile go minic. Nuair a tharlaíonn a leithéid, faigheann daltaí taithí ar an OSPS mar shraith imeachtaí neamhghaolmhara. Tarlaíonn sé seo trí bhileoga oibre agus ceistneoirí a chomhlánú agus a chur isteach i bhfillteán ina dhiaidh sin agus gan iad a úsáid arís, trí bhreathnú ar fhíseáin nach bpléitear nó nach ndéantar anailís orthu nó trí éisteacht le haoichainteoir suimiúil gan obair leantach nó faisnéisiú ar bith a dhéanamh ina dhiaidh. Tá céimeanna feidhmithe agus ginearálaithe an phróisis foghlama eispéirigh riachtanach dá éifeachtúlacht agus teastaíonn bainistíocht ama chúramach chun cothromaíocht a chinntiú sa phróiseas iomlán.

Féadfaidh modhanna agus gníomhaíochtaí áirithe tacú leis an bpróiseas foghlama eispéirigh atá leagtha amach thíos.

PLÉGHRÚPA

Is féidir leis seo tarlú de bharr réimse leathan eispéireas laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Ba chóir plé a phleanáil, aidhmeanna soiléire a leagan amach agus é a bheith struchtúrtha de réir aidhmeanna agus cuspóirí an cheachta.

CÁS-STAIDEIR

Is féidir iad seo a tharraingt ó thaithí na ndaltaí féin, ó chlár teilifíse, ó nuachtáin agus réimse leathan foinsí eile. Tá siad go háirithe úsáideach maidir le cleachtaí fadhbréitigh.

RANSÚ SMAOINTE

Iarrtar ar dhaltaí focail a rá atá baintear dar leo le topaic áirithe. Déantar na barúlacha ar fad

a thairfeadh gan ráiteas ar bith ar an smeach-chairt nó ar an gclár. Féadfaidh an grúpa iad a a chur in ord nó i gcatagóirí ina dhiaidh sin agus an liosta a úsáid mar bhunús don phróiseáil agus don anailís.

RÓLGHLACADH

Is nós imeachta múinteoireachta é seo a ligeann do dhaltáí dálaí ionsamhlúcháin a fhiosrú i dtimpeallacht rialaithe agus shábháilte. Glacann daltaí ról sa rólghlacadh atá bunaithe ar chásanna sa saol i ndáiríre inar féidir scileanna pearsanta a thástáil agus a fhorbairt. Tá scrípteanna agus rólchártaí úsáideach mar thacaíocht don mhodheolaíocht seo.

OBAIR EALAÍNE

Is féidir le léiriú ealaíne a bheith úsáideach mar rogha eile ar léiriú agus ar fhreagairtí scríofa. Áirítear iad seo a leanas ar na foirmeacha ealaíne: líníocht, colláis, montáiste, snoíodóireacht, múnlú cré, saothar graifítí agus póstaer. Grianghraif – bíonn úsáid pacáí grianghraf agus glacadh grianghraf úsáideach freisin.

CUR IN IÚL I bhFOIRM SCÉIL

Is féidir le cruthú scéalta agus dánta a bheith cabhrach. Is féidir dul trí scéalta i ngrúpaí agus roinnt deirí féideartha a mholadh do na cásanna difriúla. Bíonn filíocht úsáideach chun mothúcháin agus dearcaí a chur in iúl.

CLUICHÍ - GNÍOMHAÍOCHTAÍ MÚSCAILTE

Is féidir gníomhaíochtaí múscailte a úsáid chun fuinneamh a thabhairt do ghrúpa nó chun atmaisféar suaimhneach a chothú sa rang. Is féidir leo scileanna éisteachta agus cumarsáide a fheabhsú freisin.

CLUICHÍ - IONSAMHLÚCHÁN

Feidhmíonn na cluichí sin ar an mbealach céanna le rólghlacadh ach ar bhealach níos struchtúrtha. Is féidir leo taithí agus nochtadh a sholáthar ar raon leathan dálaí agus eispéireas.

DÍOSPÓIREACHTAÍ

Is sraith d'argóintí foirmiúla labhartha ar son agus in aghaidh rúin shonraigh iad díospóireachtaí. Cé gur plé neamhfhoirmiúil an ghnáthmhodh fiosraithe sa rang OSPS, bíonn

díospóireachtaí úsáideach chun scileanna anailíse, feasacht chriticiúil agus léirthuisctint ar thuairimí difriúla a fhorbairt.

OBAIR THIONSCADAIL

Is féidir le tasc tionscadail atá deartha go maith daltaí a éascú lena gcuid foghlama féin a stiúradh. Tá ceithre phríomhchéim i gceist:

- pleanáil - déan cinneadh faoi theideal agus téama an tionscadail
- forfheidhmiú - cuir an obair i gcrích
- cur i láthair - cuir an obair atá déanta i láthair agus freagair ceisteanna ó dhaltaí eile
- measúnú - cad atá foghlamtha sa phróiseas iomlán.

CUAIRTEOIRÍ - ÓCÁID FHOGHLAMA

Cé gur féidir le cuairteoirí sa seomra ranga cur leis an OSPS, is faoin múinteoir atá sé an clár a sheachadadh. Dá réir sin, caithfear eolas a thabhairt do gach cuairteoir faoin obair ranga atá déanta agus faoi bheartas na scoile más cuí. Ba chóir do dhaltaí a bheith páirteach in eagrú na cuairte agus leis an bpróiseas measúnaithe ina dhiaidh sin. **Caithfear cuairteanna ó chainteoirí nó eagraíochtaí lasmuigh a phleanáil go maith roimh ré chun ligean do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith ar an eolas faoin gcuart.**

ÁBHAIR ILMHEÁN

Cosúil leis na téacsanna agus acmhainní ar fad, bíonn réamhroghnú an mhúinteora riachtanach chun ábhar a phróiseáil go héifeachtach trí phróiseas foghlama eispéirigh.

NA MODÚIL A MHÚINEADH

CONAS AN RANNÓG SEO A ÚSÁID

Déileálann anrannóg seo le gach ceann de na deich modúl atá sna treoirlínte seo. Cuireann **an eangach** uimhreacha leathanaigh na modúl ábhartha in iúl maidir le gach bliain den churaclam.

	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Ag déileáil leis an athrú	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach,</i> lch.57 Ceacht 7 Páirt a Ghlacadh
		Healthy Living 1, (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Aistriú chuig Scoil Nua</i> <i>lch.85-89</i>

Tugann an **réamhrá** cúlra áirithe do théama an mhodúil agus don tábhacht a bhaineann le saol an dalta atá idir 12-15 bliana d’aois. Nascann an rannóg ag déileáil le **saincheisteanna don scoil uile** topaicí OSPS an tseomra ranga agus gnéithe gaolmhara i saol na scoile. Liostaíonn **an modúl a mhúineadh** ábhair acmhainní is féidir a úsáid do thopaicí éagsúla.

Tá liosta na n-ábhar acmhainní áirithe deartha chun léiriú conas is féidir ábhair OSPS reatha agus cinn atá ar fáil go héasca a imeascadh i gclár OSPS na scoile. Sna modúil ar fad, caithfidh múinteoirí na hábhair acmhainní a roghnú bunaithe ar chomh hoiriúnach is atá siad do riachtanais na ndaltaí, aidhmeanna OSPS agus suíomh áirithe na n-ábhar sin laistigh den chlár OSPS iomlán.

MUINTEARAS AGUS IMEASCADH

MODÚIL MUINTEARAIS AGUS IMEASCTHA SA CHURACLAM OSPS

Bliain a haon

lch. 14

Bliain a dó

lch. 30

Bliain a trí

lch. 44

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL

Bíonn braistint chomhuintearais tábhachtach do gach duine, ach tá tábhacht ar leith ag baint leis i gcás déagóirí. San idirthréimhse idir ógántacht agus aosacht, bíonn sé deacair féiniúlacht phearsanta a bhunú agus a chothabháil. Chomh maith leis an idirthréimhse ón ógántacht go dtí aosacht, caithfidh déagóirí aghaidh a thabhairt ar an athrú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil. Is dúshlán ar leith í an ‘idirthréimhse dhúbailte’ seo do dhalta iarbhunscoile na sraithe sóisearaí atá ag iarraidh féiniúlacht agus céannacht phearsanta a bhunú dó féin. I gcúinsí mar sin, breathnaíonn déagóirí atá ag lorg féiniúlachta ar dhaoine eile chun dearbhú agus tacaíocht a fháil.

Léiríonn taighde go n-imíonn an inní tosaigh faoin athrú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil ó thromlach na ndaltaí nuair a thagann siad isteach ar an áit nua agus nuair a thosaíonn siad ag cur aithne ar a gcomhpháirtithe. Mar sin féin, ní bhíonn an rath céanna ar an bpróiseas athraithe i gcás roinnt daltaí. Is iad na daltaí atá go háirithe i mbaol ná daoine a raibh fadhbanna éagsúla acu ag an mbunscoil. Léiríonn staidéir faoi dhaltaí a fhágann an scoil go luath go bhfuil líon mór daltaí nár tháinig chun na scoile i gceart riamh - níor tharla imeascadh ar bith sa scoil ar an gcéad dul síos.

Aithníonn an modúl seo den OSPS an tábhacht a bhaineann leis an mbraistint chomhuintearais do dhéagóirí agus an tábhacht a bhaineann le himeascadh rathúil san iarbhunscoil. Tugtar deis do dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a dhéanfaidís cairde nua agus scileanna comhoibrithe agus grúpoibre a fhorbairt. Bulaíocht - foinse mhór inní do dhaltaí na céad bliana agus fadhb ar leith i measc daltaí na dara bliana - tugtar aghaidh orthu sa mhodúl seo freisin.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

CLÁR IONDUCHTAITHE

Is i bhfoirm scéalta nó cainte a chloiseann go leor daltaí trácht ar oideachas iarbhunscoile den chéad uair. D'fhéadfaí a rá leo nach nglacfar lena gcaighdeán oibre nó iompraíochta reatha sa 'scoil mhór'. Is breá le siblíní níos sine nó le comharsana scéalta beaga a insint faoi 'conas atá cúrsaí' sa scoil dara leibhéal áitiúil; scéalta faoi dheasghnátha ionadacha agus an múinteoir is measa riamh. Bíonn na scéalta seo in intinn na ndaltaí nuair a thosaíonn siad san iarbhunscoil. Bíonn dearcadh an-dáiríre ag formhór na scoileanna maidir leis an gcéad lá sin ar scoil. Cuireann go leor scoileanna clár ionductaithe ar fáil do dhaltaí na céad bliana roimh thús oifigiúil na scoilbhliana; baineann scoileanna áirithe leas as daltaí sinsearacha chun clár den sórt sin a chur ar fáil. Bíonn an cur chuige piaroideachais seo go háirithe éifeachtach chun cabhrú le daltaí nua iad féin a dhéanamh compordach. Tá sé tábhachtach go n-aireodh daltaí nua go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad sábháilte. Lena chois sin, féadfaidh modhanna piaroideachais fáil réidh leis na scéalta beaga miotasacha sin faoin scoil nuair a chloiseann na daltaí nua an scéal 'réadúil' ó dhaltaí 'réadúla'.

BEARTAS MAIDIR LE BULAÍOCHT

Ceann de na bealaí ina féidir leis na daltaí uile, agus daltaí nua go háirithe, aireachtáil go bhfuil cosaint acu sa scoil ná beartas soiléir a bheith i bhfeidhm maidir le cúrsaí bulaíochta - beartas a fhaigheann tacaíocht ón bpobal scoile uile - tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí.

ATMAISFÉAR NA SCOILE

Bíonn sé deacair atmaisféar na scoile a mhíniú, ach mar sin féin tuigeann formhór na ndaoine na saintréithe a bhaineann le 'spiorad maith scoile'. Is áit chairdiúil í scoil le 'spiorad maith' ina bhfuil caidrimh mhaithe oibre idir baill foirne agus daltaí, i measc na mball foirne féin agus idir daltaí sna blianta éagsúla. Beidh raon leathan gníomhaíochtaí allamuigh i scoil mar sin a bheidh eagraithe ag baill foirne agus daltaí araon. Ní bhaineann ádh ná traidisiún le spiorad na scoile. Baintear an spiorad seo amach trí obair chrua. Ní éireoidh le modúl OSPS a dhéileálann le muintearas agus imeascadh ach amháin nuair a chuirtear fáilte agus nuair a ghlactar le daltaí i seomraí ranga eile chomh maith leis an seomra ranga OSPS. Ní bhainfear imeascadh rathúil amach sa phobal scoile mura bhfeictear an scoil mar áit is fiú a bheith rannpháirteach inti.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Ag déileáil leis an athrú	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 7 Páirt a Ghlacadh lch.54</p> <p>Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Aistriú chuig Scoil Nua</i> lch.85-89</p>
	2. Ag dul isteach i ngrúpa nua	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 3 Bunú Grúpaí lch.18</p> <p>Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Scileanna Cumarsáide</i> lch.101-114</p>
	3. Meas ar an éagsúlacht	<p><i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 1 Aithne a Chur Ort Féin lch.14</p> <p>Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Féinmheas a Bhunú</i> lch.167-182</p>
	4. Gnó do gach duine an bhulaíocht	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 4 Cártaí Aitheantais Ceacht 5 Seo Mise lch.22, lch.27</p> <p>Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Bunú Caidreamh</i> lch.183-195</p>
Dó	1. Breathnú siar, breathnú chun cinn	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 6 Slánú lch.30</p> <p>Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Réamhrá ar an Dara Bliain</i> lch.34-42</p>
	1. Obair ghrúpa	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 3 Bunú Grúpaí lch.18</p> <p>Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Réamhrá ar an Dara Bliain</i> lch.43-52, 53-61</p>
	2. Naisc theaghlaigh	<p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 15 Naisc Theaghlaigh lch.141</p>

Trí	1. Spriocanna do bhliain a trí	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 9 Mo Dhóchas lch. 40
	2. Conradh oibre	Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) <i>Spriocanna do bhliain a trí</i> lch.35-44

FÉINBHAINISTÍOCHT

MODÚIL FÉINBHAINISTÍOCHTA SA CHURACLAM OSPS

Bliain a haon

Bliain a dó

Bliain a trí

lch. 16

lch. 31

lch. 45

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL

Bíonn saol casta ag ógánaigh. Go deimhin, bíonn sé fíor-dheacair ag an dalta a d'aistrigh ón mbunscoil go dtí an mheánscoil le déanaí. Bíonn an dalta ag iarraidh a bheith mar chuid de phobal nua na scoile agus ar ndóigh ag an am céanna iad ag iarraidh na scileanna a fhorbairt chun déileáil le tráthchláir, le múinteoirí nua agus le nósanna imeachta nua.

De réir mar a bhogann an dalta tríd an tsraith shóisearach, beidh sé riachtanach dó/di deachleachtas oibre agus scileanna staidéir éifeachtacha a fhorbairt. Is í an chéad chéim ionas go n-éireoidh le cúrsaí staidéir ná foghlaim conas staidéar a dhéanamh agus is toisc thábhachtach é seo ó thaobh foghlaim féin-stiúrtha a chur chun cinn. Caithfear ceachtanna sna scileanna staidéir in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a threisiú le ceachtanna comhthreomhara chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eile – mura ndéanfar é sin d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag daltaí ag aistriú scileanna ginearálaithe chuig riachtanais na n-ábhar ar leith. Dá réir sin, nuair atá OSPS á phleanáil, caithfear breathnú ar an ngá atá le cumarsáid leanúnach idir baill foirne uile na scoile.

Airíonn dalta atá ag obair le plean staidéir phearsanta a ceapadh amach go maith go bhfuil smacht níos mó aige/aici ar chúrsaí staidéir i gcomparáid le dalta a oibríonn le cur chuige 'ad hoc' agus tá níos lú seans go mbeidh strus nó inmí nach gá ar an dalta sin roimh scrúduithe. Cé gur féidir le scileanna agus cleachtais mar sin cabhrú le dalta i gcomhthéacs scrúdaithe, tá siad chomh tábhachtach céanna chun cabhrú le daltaí an buntáiste is fearr a bhaint as raon deiseanna múinteoireachta agus foghlama atá ar fáil sa scoil. Tá seans níos fearr go mbeidh dearcadh dearfach ag daltaí maidir le cúrsaí foghlama agus scoile nuair a bhíonn na scileanna riachtanacha acu chun oibriú go héifeachtach. Nuair a fhoghlaimítear conas oibriú go héifeachtach, is féidir leis mórtas a chothú sa dalta as a chuid iarrachtaí féin agus cabhrú leis/léi an gaol idir iarracht agus gnóthachtáil a fheiceáil. Go deimhin, má bhíonn dearcadh dearfach

ag an dalta maidir le hiarracht ní bhíonn an oiread béime aige/aici ar fheidhmíocht agus ar ghnóthachtáil.

Mar thoradh ar féinbhainistíocht agus scileanna eagrúcháin bíonn smacht níos mó ag daltaí ar a gcuid ama agus ar a gcuid oibre féin. Is féidir scileanna mar sin a thabhairt ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, agus níos déanaí in oideachas tríú leibhéal agus san ionad oibre.

Baineann féinbhainistíocht le neamhspleáchas a fhorbairt agus le láidreachtaí a fheiceáil ionat féin. Bíonn tábhacht ag baint leis freisin ó thaobh bainistíocht éifeachtach seomraí ranga agus scoileanna. Tabharfaidh go leor múinteoirí ag an dara leibhéal le fios go gcruthaíonn easpa scileanna féinbhainistíochta sna daltaí fadhb shuntasach dísmachta agus mí-oird sa seomra ranga. Dearmad a dhéanamh ar leabhair agus ar threalamh le haghaidh ranganna, dul ar seachrán mar gheall nach bhfuil tráthchláir léite i gceart, dearmad a dhéanamh ar an obair bhaile nó obair nach bhfuil críochnaithe a chur isteach - is féidir leis na hiompraíochtaí sin a bheith le feiceáil mórthimpeall na scoile ar fad. Ní sa chéad bhliain amháin a tharlaíonn na rudaí seo ar ndóigh.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

CUMARSÁID

Is áiteanna cumarsáide iad seomraí ranga. Chomh maith le dul i ngleic leis an bpróiseas múinteoireachta, tugann múinteoirí eolas faoin gcéad chéim eile sa phróiseas oibre, an t-ullmhúchán nó obair bhaile atá ag teastáil nó an t-am atá leagtha amach do rang nó tasc baile ar leith. D'fhéadfadh dalta suas le deich sraith eolais den chineál sin a aimsiú in aon lá amháin - ní mór do mhúinteoirí treoracha soiléire a thabhairt dá réir sin. Bíonn taifead scríofa de na treoracha sin, i ndialann obair bhaile mar shampla, úsáideach mar chúnaimh i gcónaí chun taifead a choinneáil agus pleanáil a dhéanamh agus is féidir leis freagracht a chothú sna daltaí.

Ba chóir eolas don scoil iomlán - cibé trí bhullaitín faisnéise nó fógra poiblí/fógra idirchumarsáide - a chur in iúl leis an méid chéanna soiléire. Ba chóir don mhodh cumarsáide roghnaithe nádúr agus tábhacht na teachtaireachta a léiriú.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Ag déileáil leis an athrú	Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Scileanna Staidéir</i> lch.131-146
	2. Mo chuid oibre a eagrú sa bhaile agus ar scoil	Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Scileanna Staidéir</i> lch.131-146
	3. Cóimheá i mo shaol	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Iarmhairtí</i> lch. 27 <i>Spraoi a bheith agat</i> lch.61
Dó	1. Céard a spreagann mé	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 8 Mo Dhóchas lch.40 Healthy Times (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Féinmhuinín a Bhunú</i> lch.109-118
	2. Scileanna staidéir	Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Scileanna Staidéir</i> lch.131-146
Trí	1. Mo chuid ama a eagrú	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 13 Smaoinigh go Dearfach lch.61
	2. Ag pleanáil don staidéar éifeachtach	Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Scileanna Staidéir</i> lch.123-135
	3. Ag déileáil le scrúduithe	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 5 Suaimhneas mar Fhreagra Ceacht 6 Suaimhneas ón Imní lch.26, lch.32

SCILEANNA CUMARSÁIDE

MODÚIL SCILEANNA CUMARSÁIDE SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

lch.17

Bliain a Dó

lch.32

Bliain a Trí

lch.46

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

De réir mar a bhogaimid isteach i ré na cumarsáide domhanda, is íorónta an rud é go bhfuil an riachtanas a bhaineann le scileanna cumarsáide idirphearsanta níos tábhachtaí ná riamh. I gcás déagóirí atá ag athrú ó raon cúng cumarsáide na hógántachta go dtí raon níos leithne an duine fásta, bíonn an riachtanas a bhaineann leis na scileanna sin a fhorbairt agus a chleachtadh níos tábhachtaí fós.

Tá seans níos fearr go mbeidh daltaí atá ábalta iad féin a chur in iúl go muiníneach agus ar bhealach atá feiliúnach don chomhthéacs ag cur ceisteanna sa rang, rannpháirteach i ngrúpobair agus ábalta leas a bhaint as gníomhaíochtaí agus cuairteanna lasmuigh den scoil. Ba chóir go mbeidís ábalta dálaí coimhlinte a láimhseáil agus glacadh le criticeas a rachaidh chun leasa dóibh.

Ní bhaineann scileanna cumarsáide le féinléiriú amháin; baineann siad le forbairt na héisteachta gníomhaí. Níl sé éasca scil na héisteachta gníomhaí a fhorbairt i ré nuair is cosúil go dtugann beart fuaimne agus íomhá oiliúint do dhaltaí díriú ar rudaí ar feadh tréimhsí níos giorra agus níos giorra i gcónaí!

Dá réir sin, is fiú am a chaitheamh ag forbairt scileanna cumarsáide ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos baineann an dalta leas mór as ina shaol/saol pearsanta féin. Féadfaidh tú scileanna cumarsáide atá foghlamtha sa seomra ranga a thabhairt abhaile leat agus iad a chur ag obair sa saol lasmuigh den teaghlach agus scoil. Ar an dara dul síos, trí fhorbairt na scileanna cumarsáide beifear in ann rannpháirtíocht na ndaltaí sa churaclam iomlán a fheabhsú. Agus buntáiste eile atá leis ná go laghdaítear an baol atá ann go n-iompróidh an dalta é/í féin go hionsaitheach má bhaineann sé/sí úsáid as scileanna chun coinbhleacht a réiteach.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

CUMARSÁID IDIR MÚINTEOIRÍ AGUS DALTAÍ

Má tá daltaí chun tacaíocht a fháil leis na scileanna cumarsáide a fhorbairt, ní mór do mhúinteoir na scoile na scileanna sin a léiriú dóibh nuair is féidir. Feictear múinteoirí a spreagann ceisteanna, a chuireann luach ar dhíospóireacht agus a úsáideann raon leathan modheolaíochtaí múinteoireachta mar dhuine atá ag cur timpeallachtaí tacaíochta ar fáil do dhaltaí chun dea-scileanna cumarsáide a fhorbairt. Nuair a bhíonn an-iomarca léitheoireachta, léirithe nó cainte ar bun ag an múinteoir, is beag deis a bhíonn ag daltaí ceisteanna a chur nó plé a dhéanamh agus is féidir leis forbairt na scileanna cumarsáide maithe a shrianadh.

Ba chóir gur áiteanna iad seomraí ranga agus scoileanna ina ndéantar criticeas agus ceartú ar bhealach cuiditheach atá dírithe ar an iompraíocht seachas ar an duine.

CUMARSÁID IDIR DALTAÍ

Bíonn sé nádúrtha ag daltaí cairdeas a dhéanamh ar scoil le grúpa cairde atá cosúil leo féin, a bhíonn ón aoisghrúpa agus rang céanna go hiondúil. Bíonn spreagadh áirithe ag teastáil ó dhaltaí chun cumarsáid a dhéanamh le daltaí lasmuigh dá ngrúpa áirithe féin.

Féadfaidh gníomhaíochtaí sóisialta, a mheallann raon aoiseanna difriúla, agus struchtúr ceannaireachta a éascaíonn idirghníomhaíocht idir daltaí sna blianta difriúla, cabhrú leis an gcumarsáid sin a chur chun cinn. Féadfaidh úsáid straitéisí an phiaroideachais sa scoil, go háirithe san OSPS, a bheith éifeachtach chun bacainní a shárú idir grúpaí daltaí. Féadfaidh sé cabhrú le daltaí éisteacht lena chéile freisin.

Is bealaí fíoréifeachtacha iad comhairlí mac léinn do dhaltaí chun raon scileanna cumarsáide a fhorbairt agus a chleachtadh, agus a bheith bainteach ar bhonn cuiditheach le ceapadh beartais na scoile. Foilsíonn mórán comhairlí mac léinn nuachtlitreacha agus bullaitíní, atá úsáideach mar mhodhanna cumarsáide sa scoil.

CUMARSÁID IDIR MÚINTEOIRÍ

Is léir go bhfuil cumarsáid mhaith idir baill foirne riachtanach i ndáil le feidhmiú éifeachtach na scoile. Lena chois sin, tá tábhacht ag baint leis maidir le scileanna cumarsáide na ndaltaí a mhúnlú. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta a fheiceáil agus a chloisteáil go bhfuil múinteoirí i mbun cumarsáide lena chéile - faoi shaincheistanna laethúla, nó faoi riachtanais áirithe atá ag dalta nó ag rang.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Cuir tú féin in iúl!	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 4 A Bheith Soiléir faoi Rud lch.35 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais <i>Cumarsáid agus Meas</i> lch.29
	2. Ag foghlaim conas éisteacht	Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Scileanna Cumarsáide.</i> lch.108
	3. Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 1 An Luch, an Fathach agus Mé Féin Ceacht 5 Cé Chomh Treallúsach is Atá Mé? lch.1, lch.41
Dó	1. Cumarsáid threallúsach	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 6 Cá dtosóimid ? Ceacht 9 Iarratais a Dhéanamh lch.48, lch.64 Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> lch.109-113
Trí	1. Ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 17 Cártaí Treallúsacha

		lch.11 Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Scileanna Bunaithe Caidrimh</i> lch.148 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais <i>Caidrimh idir Buachaillí/Cailíní</i> lch.163
	2. Cumarsáid i gcásanna coinbhleachta	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 15 Criticeas Ceacht 16 Coimhlint a Réiteach lch.100, lch.110

SLÁINTE FHSICEACH

MODÚIL SA tSLÁINTE FHSICEACH DON CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

lch.18

Bliain a Dó

lch.33

Bliain a Trí

lch.47

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Bíonn sé dodhéanta gné amháin den tsláinte a bhreithniú aisti féin. Dá réir sin, cé go ndíríonn an modúl seo ar ghné na sláinte go háirithe, leagtar béim freisin ar an ngaol atá idir sláinte fhsiceach, féiniomhá dhearfach agus braistint na folláine.

Sa tréimhse fáis agus forbartha seo, bíonn inní ar dhaoine óga faoina gcuma fhsiceach, athrú ar chruth an choirp, riocht an chraicinn agus na gruaige, agus bíonn buairt orthu faoi shláinteachas pearsanta agus aiste bia. Féachann an modúl OSPS a bhaineann le sláinte fhsiceach na gnáth-ábhair inní a bhíonn ar an déagóir a mhaolú le heolas cuí faoi stíleanna maireachtála atá sláintiúil. Lena chois sin, soiléiríonn aidhmeanna an mhodúil go bhfuil straitéisí réadúla pearsanta le haithint ag daltaí chun a gcuid stíleanna maireachtála féin a fheabhsú. Leagtar béim sa mhodúl freisin ar an normalacht a bhaineann le raon cruthanna coirp - gné thábhachtach de phlé ar bith faoi aiste bia agus nósanna iteacháin nuair a smaoinítear ar chomh fairsing is atá neamhoird iteacháin i measc déagóirí.

Lena chois sin, clúdaítear tábhacht na scíthe agus teicníochtaí suaimhnis áirithe sa mhodúl seo. Bíonn siad seo deartha chun tacú le hobair atá déanta i modúil eile chun feidhmíocht scrúduithe a fheabhsú agus déileáil le strus. Is minic a bhíonn foghlaim mhaith ar bun ag daltaí a airíonn go maith iontu féin. Bíonn breis fuinnimh agus díograise acu le haghaidh cúrsaí oibre agus súgartha.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

CEAINTÍN/SIOPA NA SCOILE

Bíonn ceaintín nó siopa de chineál éigin ag go leor scoileanna do dhaltaí ag am lóin nó le linn an tsoa. Ba chóir do bhiachláir agus rogha na n-earraí tacú leis an méid atá á mhúineadh san OSPS faoi aiste bia cothrom agus in ábhair cosúil le hEacnamaíocht Bhaile agus Eolaíocht. Is cinnte go gceisteoidh dalta fiúntas an chláir OSPS má théann siad chuig ceaintín nó siopa scoile a dhíolann rudaí a dúradh leo a sheachaint i gceacht OSPS ar an tábhacht a bhaineann le bia shláintiúil. Ní bhíonn aon smacht ag an scoil ar shaoráidí mar sin go minic, ach tá dualgas ar scoileanna a chinntiú mar sin féin go mbíonn roghanna sláintiúla ar fáil do dhaltaí.

FORÁIL A DHÉANAMH DO GHNÍOMHAÍOCHT ACLAÍOCHTA AGUS FHSICEACH

Ní féidir a bheith ag súil go mbreathnóidh daltaí ar chúrsaí aclaíochta i ndáiríre nuair nach bhfuil an scoil á dhéanamh. Tugann clár cuimsitheach Corpoideachais do dhaltaí uile na scoile léargas maith do dhaoine óga ar thábhacht na haclaíochta maidir le cúrsaí sláinte agus folláine. Mar thacaíocht don obair atá ar bun ag múinteoirí Corpoideachais, ba chóir spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do ghrúpaí pobail saoráidí, oiliúint agus cóitseáil a chur ar fáil go háitiúil.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Cúram an choirp	<p>Healthy Living 1 (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Scileanna Sláinteachais</i> lch.147-165</p> <p>Leabhar Oibre sa Chúram Tréadach don tSraith Shóisearach <i>Mo Chorp</i> lch.21</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 5 Corpheasacht - Cúram an Choirp Ceacht 6 Leideanna Sláinteachais lch.55, lch.61</p>
	2. Bia folláin a ithe	<p>Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Cothabháil an Choirp – Cothú</i> lch.102</p> <p>Leabhar Oibre sa Chúram Tréadach don tSraith Shóisearach <i>Cothú</i> lch.14</p>
	3. Aclaíocht	<p>Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Cothú an Choirp – Aclaíocht fhisiceach</i> lch.81</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinnheas</i> Ceacht 13 Smaoinigh go Dearfach lch.61</p>
Dó	1. Cúram an choirp	<p>Healthy Times 2 (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Cothú an Choirp</i> lch.102</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 8 An Íomhá Díom Féin lch.75</p>
Trí	1. Aclaíocht fhisiceach	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Folláine Fhisiceach a Chothú</i> lch.87</p>
	2. Suaimhneas	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Suaimhneas</i> lch.102</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 6 Suaimhneas ón Imní lch.32</p> <p>An Pointe Briste atá agat <i>Céimeanna Éifeachtacha chun Strus a Laghdú agus Déileáil Leis</i> D'fhreagra ar strus Ag foghlaim conas scíth a ligean lch.42, lch.62</p>
	3. Aiste bia	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Aiste bia</i> lch.104</p>

CAIRDEAS

MODÚIL AR CHAIRDIS SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

lch.19

Bliain a Dó

lch.

Bliain a Trí

34 lch.48

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Bíonn cairdis casta agus dian le linn na hógántachta. Is iad na heilimintí is tábhachtaí a bhaineann le féiniúlacht a bhunú agus cur amach a bheith agat ar an saol ná a bheith mar chara ag daoine agus cairde a bheith agat. Cé go ndéileálann modúil OSPS eile - Muintearas agus Imeachadh agus Caidrimh agus Gnéasacht mar shampla – le saincheisteanna a bhaineann le cairdeas, tairgeann an modúil seo deiseanna chun nádúr agus ról an chairdis sin a scrúdú, agus go háirithe an bealach a thagann athrú agus forbairt ar chairdis de réir a chéile.

Lena chois sin, scrúdaíonn an modúil seo iompraíocht na bulaíochta agus an bealach is féidir le cairdis rud a scriosadh agus tionchar diúltach a bheith acu ar shaol an duine. Clúdaítear caidrimh le siblíní

- ceist chonspóideach do dhéagóirí áirithe - sa mhodúil seo freisin.

Bíonn tionchar suntasach ag patrún na gcairdeas ar mhodh feidhmithe, iompraíochta agus caidrimh an ranga le ranganna eile agus le múinteoirí.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

MODHEOLAÍOCHTAÍ

Féadfaidh úsáid na modheolaíochtaí múinteoireachta a cheadaíonn grúpobair deaphleanáilte agus idirghníomhaíocht struchtúrtha cabhrú le seomraí ranga agus scoileanna a dhéanamh níos cairdiúla.

TEAGASCÓIRÍ/MÚINTEOIRÍ RANGA

Bíonn deacracht ag go leor daltaí sa chéad bhliain déileáil leis an athrú ó mhúinteoir amháin go dtí naonúr múinteoirí difriúla in aon lae amháin. Bíonn daltaí ann a bhrostaíonn ar ais chuig an múinteoir bunscoile ar an gcéad leath lae atá ar fáil dóibh chun insint dó nó di faoin scoil nua! B'fhéidir nach mbeadh slándáil, caidreamh agus leanúnachas na bunscoile ar fáil ar an mbealach céanna le struchtúir na hiarbhunscoile. Dá réir sin, feidhmíonn mórán scoileanna córas teagascóra nó múinteora ranga, a cheapann múinteoir ar leith a bhfuil freagracht áirithe air/uirthi as grúpa ranga.

Is féidir le teagascóirí a bheith gníomhach ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'atmaisféar cairdiúil sa rang. Féadfaidh teagascóirí cártaí bisigh nó comhghairdis a spreagadh mar is cuí. Lena chois sin, bíonn mórtheagmháil acu leis an rang agus labhrófar leo go hiondúil nuair a thagann díospóidí idir cairde agus naimhde fiú amháin. Ba chóir go mbeadh an teagascóir sin mar mhúinteoir OSPA freisin. Is gné thábhachtach den mhodúl OSPA é córas teagascóra le tacaíocht mhaith, agus baineann tábhacht leis freisin maidir le rath an chláir OSPA san scoil.

SMAOINIGH FAOI SEO

Níor chóir an ról tréadach a mheascadh leis an ról smachta – níor chóir don chóras tréadach a bheith ar fáil don chód smachta cé go bhfuil ról aige ag cinntiú go bhfuil bhfuil baint ag daltaí le hullmhú agus aontú an chóid. Bíonn cód smachta tábhachtach maidir le deabhainistíocht na scoile agus sábháilteacht na foirne agus na ndaltaí. Bíonn córas tréadach nó teagascóra dírithe ar dhaltaí seachas ar an scoil.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Cairde nua a dhéanamh	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 12 Póstaeir Dhearfacha lch.58</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 14 Conas a dhéanaim cairdeas lch.135</p>
	2.Cara maith.....	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 3 Cairdeas lch.19</p>
Dó	1. Mar a athraíonn an cairdeas	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) <i>Smaoinigh go dearfach</i> lch.87</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Iarmhairtí</i> An tAthrú lch.67</p>
	2. Dianchomórtas idir siblí	<p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 15 Naisc Theaghlaigh lch.141</p>
Trí	1. Cairdeas idir buachaillí agus cailíní	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Féinmheas a Bhunú agus a Chothú lch.83</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais</p> <p>Ceacht 17 Caidrimh idir Buachaillí agus Cailíní lch.163.</p>

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

MODÚIL AR OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

Trí

lch.20

Bliain a Dó

lch.35

Bliain a

lch.49

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Is gné thábhachtach den ghnéasacht inár saol ar fad í forbairt shóisialta agus phearsanta atá sláintiúil, ach go háirithe i saol an déagóra. Baineann ógántacht go sonrach le teacht chun aibíochta fisicí agus gnéasaí. Cuirtear raon leathan deiseanna sóisialaithe ar fáil le baill an ghnéis eile. Feiceann an chéim fhorbartha seo bunú na nithe a leanas den chéad uair: caidrimh shuntasacha idir buachaillí/cailíní, taithí ar mhealltacht ghnéasach agus taithí a bheith ag titim i ngrá agus amach as grá. Bíonn breis saoirse agus freagrachta i gceist, agus nochtadh ar raon teachtaireachtaí faoi ghnéasacht a chuirfeadh mearbhall ar dhaoine, saincheisteanna faoi chlaonadh ghnéasach agus ról na gnéasachta sa saol pearsanta agus sóisialta.

Bíonn meastóireacht chriticiúil de dhíth san fhorbairt ghnéasach maidir le raon mór eolais, tuairimí, dearcaí agus luachanna lena gcaithfidh déagóirí déileáil leo.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

BEARTAS OCG

Ba chóir do mhúinteoirí uile a bheith eolach ar bheartas OCG na scoile. Ba chóir an beartas a fhorbairt i gcomhairle le comhpháirtithe san oideachas - tuismitheoirí, baill foirne, an Bord Bainistíochta agus daltaí mar is cuí. Ba chóir foráil a dhéanamh do mheastóireacht agus athbhreithniú leanúnach an bheartais. Ba chóir don mheastóireacht a bheith bainteach le rannpháirtithe i bpróiseas comhairliúcháin thosaigh an bheartais forbartha.

Caithfear tacaíocht a thabhairt do chlár éifeachtach OCG mar chuid den OSPS níos leithne trí atmaisféar scoile le comhionannas agus meas sláintiúil ar ghnéasacht. Caithfear aird ar leith ar thabhairt ar na príomhphrionsabail sin i scoileanna aonghnéis.

TUISMITHEOIRÍ

Tá obair an OCG deartha chun tacaíocht a thabhairt do d'iarrachtaí tuismitheoirí agus na hábhair inmí atá acu maidir le sláinte, sábháilteacht, slándáil, agus leas a gcuid leanaí. Bíonn tuismitheoirí eolach ar an gcomhthéacs cultúrtha comhaimseartha ina gcaithfidh déagóirí fás ón ógántacht go haosacht. Bíonn siad eolach ar thraidisiúin reiligiúnacha, shibhialta, mhorálta, spioradálta, teaghlaigh agus ar luachanna agus tosaíochtaí pearsanta atá tábhachtach dóibh agus is mian leo a thabhairt dá leanaí féin. Ba chóir do chlár oideachais caidrimh agus gnéasachta scoile, atá pleanáilte i gcomhairle le tuismitheoirí, na luachanna sin a chur in iúl.

Cé go n-oibríonn an pobal scoile uile i gcomhpháirt le tuismitheoirí, ba chóir iarrachtaí áirithe a dhéanamh chun comhpháirtíocht mar sin a chur chun cinn laistigh den chomhthéacs OCG.

AN CHREATLACH MHORÁLTA

Tá aidhmeanna an **OCG** suite go daingean laistigh de chreatlach mhorálta, spioradálta agus shóisialta. Cuirfear dearcadh dearfach maidir le gnéasacht in iúl trí dhearcaí agus iompraíocht fhreagrach agus mheasúil ort féin agus ar dhaoine eile. Aithneofar nach ceist phearsanta agus phríobháideach amháin atá san iompraíocht ghnéasach, ach bíonn impleachtaí sóisialta agus pobail i gceist freisin. Déantar cinntí faoi dhearcaí agus iompraíocht mar sin bunaithe ar eolas, ar thuiscintí, ar scileanna agus ar dhearcaí a dhéantar a sheachadadh san OCG laistigh agus lasmuigh den scoil. Ba chóir do na luachanna atá de dhlúth agus d'inneach sa chlár a bheith comhsheasmhach le príomhluachanna agus éiteas na scoile.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Mise i mo dhuine uathúil ar leith	<p>Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) <i>Féinmheas a Chothú</i> Ceacht 3, Cailíní agus Buachaillí lch.83</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceachtanna 4 Cártaí Aitheantais Ceacht 5 Seo Mise lch.22, lch.27</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 19 Féinmheas lch.185</p>
	2. Cairdeas	<p>Healthy Times (Tréimhsí Sláintiúla) Ceacht 1 Is cara.....lch.129</p> <p>Healthy Living (Maireachtáil Shláintiúil) Ceacht 1 lch.185</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 16 Tá Cara Agat. lch.55</p>
	3. Athrú san ógántacht	<p>Tá roinnt físeán agus cairteacha bitheolaíochta ar fáil ó eagraíochtaí reachtúla agus deonacha.</p> <p>Féadfar téacsanna eolaíochta scoile a úsáid anseo freisin.</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> lch.35</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 4 Abair conas a airím lch.47</p>
	4. An córas atáirgthe	<p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 10 Caithreachas Ceacht 11 Atáirgeadh Daonna lch.89, lch.99</p> <p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 1 Fás agus forbairt i dtreo na haosachta lch.174</p>
	5. Íomhánna d'fhir agus de mhná	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 14 Gnéasrólanna lch.67</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 17 Caidrimh idir Buachaillí agus Cailíní lch.163.</p>
	6. Meas orm féin agus ar dhaoine eile	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i></p>

		Ceacht 15 Níl aon duine foirfe lch.16. On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 3 Cairdeas lch.19
Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Dó	1. Ó choimpeart go breith	Téacsanna ón gcúrsa Eolaíochta agus Eacnamaíochta Baile. Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 3 Beirtear leanbh lch.182 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais <i>Míorúilt na beatha</i> lch.113
	2. • Braistintí agus mothúcháin a aithint agus a chur in iúl	Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 3 Teanga na mothúchán lch.116 On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) Mothúcháin Ceacht 1 Conas a bheifeá ag mothú? Ceacht 2 Cátaí Mothúcháin Ceacht 3 Mo chuid mothúchán a aithint lch.16-23 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 3 Mothúcháin le linn na hógántachta lch.37
	3. Piarbhrú agus tionchair eile	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 5 Piarbhrú lch.24 Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 5 Cé aige a bhíonn tionchar ar mo chinntí? lch.55 Téacsleabhair ag déileáil leis na meáin agus fógraíocht sa churaclam Béarla. Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 20 Piarbhrú lch.191
	4. Caidrimh a bhainistiú	Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 5 Caidrimh agus cumarsáid lch.148 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 17 Cairdeas idir Buachaillí agus Cailíní Ceacht 14 Conas a dhéanaim cairdeas lch.63, lch. 135
	5. Cinnteoireacht iontaofa	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 3 Stíleanna Cinnteoireachta Ceacht 4 Luachanna lch.22, lch.26 Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 3 Cinnteoireacht - F.A.C.T.S.

		<p>lch.51 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 17 Caidreamh idir Buachaillí agus Cailíní lch.63</p>
	6. Sláinte agus sábháilteacht phearsanta	<p>Leabhar Oibre sa Chúram Tréadach don tSraith Shóisearach <i>Mí-Úsáid Leanaí</i> lch.139 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 21 Glac Cúram lch.199</p>
Trí	1. Íomhá choirp	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 14, Gnéasrólanna Ceacht 15. Níl Aon Duine Foirfe lch.64, lch.68 Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 5 Smaoineamh Dearfach lch. 87 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 19 Féinmheas lch.185</p>
	2. Cá bhfuil mé anois?	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 2 Athruithe le linn na hÓgántachta lch.113 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 12 Míorúilt na Beatha lch.113</p>
	3. Caidrimh - cad atá tábhachtach	<p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 3 Cad atá tábhachtach Ceacht 4 Measc agus Meaitseáil lch.143, lch.145</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 16 Tá cara agat Ceacht 17 Caidrimh idir buachaillí agus cailíní Ceacht 14 Conas a dhéanaim cairdeas lch.155, lch.163, lch.135</p>
	4. Meas, cearta agus freagrachtaí	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) cearta agus freagrachtaí</p> <p>Cumarsáid Threallúsach Ceacht 2 Mo Chearta Pearsanta Ceacht 11 Rud a Dhiúltú Ceacht 13 Glacadh le Diúltú lch.24, lch.78, lch.89</p> <p>Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Ceacht 4 Rud a Dhiúltú</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 9 Na focail a úsáidimid Ceacht 18 Ná cuir srian orm Ceacht 24 Meas agus caoinfhulaingt maidir le difríocht Ceacht 23 Toircheas sna Déaga lch.83, lch.173, lch.229, lch.219</p>

	Coimhlint	<p>On My Own Two Feet (<i>Ar Mo Dhá Chois Féin</i>) Cumarsáid Threallúsach Ceacht 15 Criticeas Ceacht 17 Coimhlint a Réiteach lch.100, lch.110 Healthy Times 2 (<i>Tréimhsí Sláintiúla</i>) Ceacht 2 I mbróga an duine eile Ceacht 3 Comhoibriú lch.141, lch.143</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 15 Naisc Theaghlaigh Ceacht 17 Caidrimh idir Buachailí agus Cailíní Ceacht 20 Piarbhrú lch.141, lch.163, lch.191</p>
--	-----------	--

SLÁINTE MHOTHÚCHÁNACH

MODÚIL SA tSLÁINTE MHOTHÚCHÁNACH DON CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

Trí

lch.22

lch.51

Bliain a Dó

lch.37

Bliain a

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Ag tógáil ar an obair atá déanta sa bhunscoil ar dhifreáil a dhéanamh idir taghdanna agus mothúcháin dhifriúla, díríonn an modúl OSPS seo go sainiúil ar mhothúcháin a bhaineann le hógántacht. Tuigtear anois níos mó ná riamh go bhfuil sláinte mhothúcháin chomh tábhachtach le sláinte an choirp agus go mbíonn impleachtaí ag drochshláinte mhothúcháin ar shláinte agus ar fholláine mhothúcháin.

Bíonn roinnt tosca a chuireann bac áirithe ar shaol mothúcháin an déagóra. Cé go gcuireann athruithe hormónacha na hógántachta brú áirithe ar shláinte mhothúcháin, bíonn brú i gceist freisin nuair atáthar ag foghlaim conas déileáil le dálaí agus ionchais nua. Níl an pháiste díreach ag fás i dtreo na haosachta go fisiceach; tá sé/sí ag fás isteach i saol na n-aosach, a thugann raon iomlán ionchais nua leis maidir lena c(h)uid inniúlachtaí agus iompraíochta. Bíonn sé/sí ag bogadh ó shaol ina bhfuil an teaghlach lárnach go dtí saol an phiarghrúpa. Bíonn sé/sí ag bogadh ó chóras scoile amháin go dtí córas eile tráth a bhfuil mórán rudaí eile ag tarlú freisin. Lena chois sin, tá dúshlán le sárú ag déagóir an lae inniu nach raibh le sárú riamh ag a t(h)uismitheoir nó a s(h)eanthuismitheoirí. Caithfidh sé/sí an t-athrú a dhéanamh ó aois na hóige chuig aois na haosachta le macrosma an athraithe dhomhanda mar chúla - eacnamaíocht, struchtúir shóisialta, cuma eitneach, struchtúir pholaitiúla, córais reiligiúnacha - iad seo ar fad ag athrú le luas gasta. Chonacthas saintréithe na hógántachta riamh leis an athrú ó shaol an pháiste chuig saol an duine fásta. Baineann an ghné shainitheach chéanna leis ag an gcéim sin den saol go fóill. An rud atá nua faoi shaol an pháiste agus faoi shaol an duine fásta ná nach féidir cur síos a dhéanamh orthu níos mó leis an gcinnteacht chéanna a bhí ann roimh seo. Mar sin féin, tugann an saol nua-aimseartha tuiscint bhreise ar ógántacht freisin agus raon léargais ar an gcineál tacaíochta atá riachtanach maidir le heispéireas dearfach na hógántachta. Caithfear iarrachtaí a dhéanamh cur ar chumas an déagóra neamhspleáchas agus breithiúnas criticiúil a fhorbairt agus na hacmhainní pearsanta atá riachtanach chun déileáil le hathrú, agus todhchaí éiginnte go muiníneach. Ba chóir breathnú ar an modúl OSPS seo mar chuid lárnach de na hiarrachtaí sin.

Bíonn daltaí ann ar féidir fadhbanna áirithe a aithint iontu maidir le sláinte mhothúchánach. Caithfear struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le riachtanais sláinte mhothúchánach na ndaltaí, a thugann tacaíocht fhéideartha do shláinte mhothúchánach gach dalta, chomh maith le féidearthachtaí atreoraithe do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí áirithe acu. Is minic a dhéantar dearmad ar dhaltaí a meastar nach bhfuil aon deacrachtaí acu in iarracht ‘modhanna éigeandála’ a chur i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

RÓL AN OSPS SA SCOIL

Is féidir le daltaí na hábhair a bhfuil tosaíocht íseal tugtha ag an scoil dóibh a aithint go héasca. Faigheann siad amach go tapa nach fiú aird a thabhairt i ndáiríre ar ábhar nach bhfuil socraithe i gceart ar an tráthchlár, ná ar ábhar a chaitear ar leataobh mar gheall ar éilimh eile an churaclaim, ná ar ábhar a úsáideann múinteoirí chun ábhar ó réimse ábhair eile a chlúdach. Caithfidh daltaí mothú go ndéileálfar lena sláinte mhothúchánach i ndáiríre ar scoil, agus go mbíonn inní ar an scoil nuair a bhíonn inní orthu féin. Is féidir inní mar seo a léiriú ar roinnt bealaí; trí threoir agus trí chomhairliúchán riachtanach a chur ar fáil, agus clár cuimsitheach OSPS a sholáthar mórthimpeall na scoile.

CÚRAM SA SCOIL

Úsáideann scoileanna bealaí éagsúla chun cúram agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí. Díríonn scoileanna ar leith ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí áirithe acu. I scoileanna eile, déantar iarrachtaí struchtúir an chúraim a chur i bhfeidhm do gach duine sa phobal scoile. Tabharfaidh pobal cineálta aire do gach duine i gcónaí agus beidh cúram ar leith ar fáil dóibh siúd, ó thráth go chéile, a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu.

SMAOINIGH FAOI SEO

Uaireanta, feictear struchtúir agus córais chúraim i scoil mar rud a thugann tacaíocht do shaol acadúil nó eagrúcháin na scoile, agus ní do na daltaí iad féin. Déileálann siad le saincheisteanna riaracháin agus smachta, agus cuirtear na daltaí ar aghaidh mar gheall ar fhadhb le ceachtanna ‘réadúla’. Dá réir sin, feictear go bhfreastalaíonn an córas cúraim ar fheidhm bhraite réadúil na scoile seachas ar riachtanais réadúla na ndaltaí. Nuair a tharlaíonn sé seo, breathnaíonn daltaí ar an gcóras cúraim agus tacaíochta díreach mar uirlis lena ngéilliúlacht agus lena gcomhoibriú leis na córais scoile a chinntiú. Ní bhraitear go bhfuil an córas ag soláthar cúraim dóibh.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Mothúcháin a aithint	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 1 Conas a bheifeá ag mothú? Ceacht 2 Cáirte mothúcháin Ceacht 9 Do chuid mothúcháin a chur in iúl lch.14, lch.18, lch.44</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 3 Mothúcháin agus agus Ógántacht lch.37</p>
	2. • Meas ar mo chuid mhothúcháin féin agus ar mhothúcháin daoine eile	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 3 Cairdeas Ceacht 7 Mothúcháin a thuiscint lch.19, lch.35</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 4 Abair Conas a Airim lch.47</p>
Dó	1. Féinmhuinín	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 8 Comaoineacha a Thabhairt agus a Fháil Ceacht 14 Féinchaint dhearfach lch.58, 94</p> <p>Healthy Times (Tréimhsí Sláintiúla) <i>Féinmhuinín a Bhunú</i> lch.109</p>
	2. Íomhá choirp	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Féiniúlacht agus Féinmheas</i> Ceacht 15 Níl aon duine Foirfe lch.68</p>
Trí	1. Strus	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 5 Suaimhneas mar Fhreagra Ceacht 6 Suaimhneas ón Imní lch.26, lch.32</p>
	2. Mothúcháin agus taghdanna	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 4 Eagla sa Hata Ceacht 8 Teirmiméadar Mothúcháin lch.24, lch.40</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 3 Mothúcháin agus agus Ógántacht lch.37</p>

TIONCHAIR AGUS CINNTÍ

MODÚIL MAIDIR LE TIONCHAIR AGUS CINNTÍ SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

lch.23

Bliain a Dó

lch.38

Bliain a Trí

lch.52

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Igcomhthéacs cultúrtha agus sóisialta atá ag athrú go gasta, teastaíonn scil na cinnteoireachta freagraí uait ar dtús le bheith rathúil mar dhuine fásta ina dhiaidh sin. Beidh roghanna le déanamh ag déagóirí an lae inniu - daoine fásta an lae amárach - nach féidir a shamhlú i láthair na huair.

Iarrann an modúl seo ar dhaltáí iad féin a fheiceáil mar dhaoine atá *faoi thionchar* agus *a imríonn tionchar*. Díreach mar atá freagracht orthu na foinsí tionchair ina saol féin a aithint agus a mheasúnú, bíonn freagracht orthu féinmheasúnú a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar na bealaí a bhíonn tionchar acu ar dhaoine eile. Ní dhéantar cinntí i bhfolús nuair atá comhthéacs cinnteoireachta á shocrú maidir le tionchar na gcinntí suntasacha á bhfiosrú. Ní bhaineann cinneadh freagrach leis na hiarmhairtí atá ag roinnt gníomhartha féideartha a aithint agus beart a roghnú a chruthaíonn an laghad dochair don laghad is lú daoine. Éilíonn cinnteoireacht fhreagrach machnamh a dhéanamh freisin ar chríonnacht na n-údarás - dlí sibhialta mar shampla, tuairimí tuismitheoirí, críonnacht daoine fásta tríd is tríd, agus múineadh an reiligiúin do chreidmhigh reiligiúnacha. Ní ceist rogha atá i gceist leis an gcinnteoireacht...is próiseas oilte atá i gceist a chaithfear a fhoghlaim.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

AN SCOIL MAR ÚDARÁS

Bíonn an scoil mar fhoinse thábhachtach údaráis ag daltaí. Rialaíonn cód agus rialacha iompraíochta na scoile mórchuid de shaol laethúil na ndaltaí. Má dhéanann duine óg an raon údaráis ina c(h)uid cinnteoireachta a bhreithniú i ndáiríre, caithfear rialacha na scoile sin a fheiceáil mar rudaí atá cothrom ó thaobh mar a chuirtear in iúl agus i bhfeidhm iad. Bíonn sé deacair a fheiceáil conas a léireoidh daltaí meas ar an scoil agus foinsí údaráis eile má bhreathnaítear ar údarás na scoile ar bhealach ad hoc, atá riartha go héagothrom nó go héagórach.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	Mo chuid laochra	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair agus Cinntí</i> Ceacht 2 Conas ba chóir dom a bheith? Ceacht 4 An bealach a imrímid tionchar ar a chéile Ceacht 5 Piarbhrú lch.15, lch.22, lch.24 <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 1 Cé aige a bhíonn tionchar ort? lch.12</p> <p>Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) Cé aige a bhíonn tionchar ar mo chinntí? lch.55</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 20 Piarbhrú Ceacht 15 Naise Theaghlaigh lch.194, lch.141</p>
Dó	1. • Tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha.	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 4 An bealach a imrímid tionchar ar a chéile Ceacht 5 Piarbhrú lch.22, lch.24 <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 14 Féinchaint dhearfach lch. 94</p> <p>Healthy Living (Maireachtáil Shláintiúil) Na daoine i mo shaol lch.185</p>
	2. Cinnteoireacht	<p>Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) Cé aige a bhíonn tionchar ar mo chinntí? Déan do chuid smaointeoireachta féin! lch.55, lch.58</p> <p>Healthy Times (Tréimhsí Sláintiúla) Cinntí a dhéanamh i ngrúpaí lch.50</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 6 Samhail don Phróiseas Cinnteoireachta Ceacht 3 Stíleanna Cinnteoireachta Ceacht 4 Luachanna lch.36, lch.22, lch.26 <i>Iarmhairtí</i> Dearcaí faoi Dhrugaí lch.50</p>
Trí	Cinneadh maith a dhéanamh	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) Cinnteoireacht Ceacht 5 Roghanna Ceacht 6 Samhail don Chinnteoireacht Ceacht 17 Na Chéad Chéimeanna lch.31, lch.36, lch.37 Tionchair a Thuiscint Ceacht 9 Uair na Cinniúna lch.44 <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 11 Rud a Dhiúltú lch.78</p>

		Healthy Choices 3 (Roghanna Sláintiúla) Cinneadh, cinní Cinneadh a dhéanamh Cinní a Dhéanamh F.A.C.T.S. lch.45, lch.49, lch.51
--	--	---

ÚSÁID SUBSTAINTÍ

MODÚIL AR ÚSÁID SUBSTAINTÍ SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

lch.24

Bliain a Dó

lch.39

Bliain a Trí

lch.53

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL

Tá ról ag an OSPS iomlán maidir le dearcadh eolasach agus ciallmhar a fhorbairt i leith substaintí. Cé go ndíríonn an modúl seo go háirithe ar shaincheistanna a bhaineann le húsáid agus le mí-úsáid raon drugaí, baineann modúil eile a phléann le féinmhuinín agus féinmheas a fheabhsú le téama na húsáide substaintí freisin. Féachann na modúil seo le scileanna cumarsáide agus réitigh coinbhleachta a fhorbairt agus cothaíonn siad tuiscint ar an tábhacht atá le sláinte fhisiceach agus mhothúchánach.

Iarrann an modúl seo ar dhaltaí ceist na **húsáide** substaintí i sochaí na linne seo a chíoradh - an raon substaintí éagsúla a úsáideann daoine ag aoiseanna difriúla ar chúiseanna difriúla. Iarrtar ar dhaltaí an t-athrú ón úsáid go **mí-úsáid** a aithint - nuair a úsáidtear drugaí i gcomhthéacsanna míchuí nó i méideanna as cuimse. I gcás tromlach na ndaoine, bíonn mí-úsáid substaintí - go háirithe alcól - ar an mbagairt is mó a chuireann isteach ar a sláinte fhisiceach agus mhothúchánach agus ar a bhfolláine. **Mí-úsáid** substaintí - patrún mí-úsáide seasmhaí, lena mbaineann iarmhairtí fisiceacha, mothúcháinacha agus sóisialta atá tromchúiseach don mhí-úsáideoir agus dá dteaghlach agus dá gcairde - déileáiltear leis sa mhodúl freisin.

Cé go ndíríonn na meáin aird an phobail ar shubstaintí áirithe a úsáideann daoine óga, is iad na drugaí is coitianta atá ar fáil do dhaoine óga in Éirinn ná **nicitín** agus **alcól**. Tugtar áit ar leith dóibh sa mhodúl seo. Ní léir go ndéanfaidh eolas faoin mbaol a bhaineann le mí-úsáid drugaí - tobac, alcól, tuaslagóirí nó substaintí eile - daoine óga a dhíspreagadh maidir le húsáid agus mí-

úsáid na rudaí sin. Mar shampla, tuigeann tromlach na ndaoine óga na himpleachtaí sláinte agus sóisialta a bhaineann le caitheamh tobac agus alcól, ach is léir dóibh freisin go bhfuil daoine fásta áirithe, ina dteaghlach féin i gcásanna áirithe, atá níos eolaí faoi drochiarmaidí an chaithimh tobac agus alcóil. Mar sin féin, leanann siad ag caitheamh tobac agus ag ól!

Bíonn sé deacair na daoine óga a dhíspreagadh ó na substaintí sin a úsáid nuair atáthar ag glacadh le caitheamh tobac agus alcól mar rud atá ceart ar bhonn cultúrtha. In aghaidh an chúlra seo ina nglactar leis na substaintí seo, in ainneoin an t-eolas forleathan atá ann faoin mbaol a bhaineann leo, bíonn sé deacair a chur ina luí ar dhaoine óga drugaí eile a sheachaint, go háirithe na cinn a bhraitheann daoine óga gur beag dochair a bhaineann leo. Lena chois sin, díreach mar a ghlacann daoine fásta le húsáid alcóil agus tobac mar iompraíocht inghlactha, creidtear anois níos mó ná riamh i measc na n-óg go bhfuil sé ‘inghlactha’ drugaí neamhdhleathacha áirithe a úsáid. Cé go mbreathnódh daoine fásta ar rudaí áirithe mar ghníomhaíocht chlaonaíoch, d’fhéadfaidís a bheith inghlactha ag daoine óga áirithe mar ghnáthchuid dá saol sóisialta.

Ullmhaítear an modúl OSPA seo ag cuimhneamh ar an gcomhthéacs sin. Féachann sé le hiniúchadh a dhéanamh ar úsáid na ndrugaí dleathacha agus neamhdhleathacha sa tsochaí - na drugaí uile, a úsáideann daoine fásta agus daoine óga araon. Ní úsáidtear ‘bearta scanraithe’. Caithfear a bheith cúramach mar is féidir le ‘scéalta uafáis faoi dhruaí’ mar bheart coiscthe spreagadh a thabhairt do dhaoine óga úsáid a bhaint as drugaí agus laochra a chruthú do chultúr na n-óg. Feictear torthaí den chineál céanna trí fhíricí a shaobhadh. Déanann an modúl seo iarracht déileáil go réasúnach le ceist chasta agus chorráitheach.

Cé go ndéanann an OSPA uile machnamh faoi chomhthéacs cultúrtha agus sóisialta na ndaltaí, caithfidh an modúl seo go háirithe saintréithe domhain na ndaltaí a chur in iúl. Dá réir sin, cé gur mhaith le scoileanna áirithe déileáil le húsáid an channabais sa dara bliain den chlár OSPA mar shampla, d’fhéadfadh gá a bheith ann déileáil leis an gceist i scoileanna eile sa chéad bhliain.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

BEARTAS NA SCOILE

Bíonn beartas soiléir, eolasach agus íogair riachtanach i ndáil le húsáid substaintí i scoileanna. Cé go bhfuil leas, sábháilteacht agus sláinte na ndaltaí agus na mball foirne uile ríthábhachtach don scoil, caithfear cur chuige comhbhách a léiriú leo siúd a bheadh i mbun úsáide drugaí nó alcóil. Ba chóir do dhaltaí a bheith rannpháirteach nuair atá beartas mar sin á ullmhú.

Nuair atáthar ag tabhairt dúshláin do dhaltaí úsáid na substaintí mídhleathacha a sheachaint, ba chóir do scoileanna iarracht a dhéanamh chun timpeallacht saor ó dhruaí a sholáthar.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHCHURACLAIM

Is gné thábhachtach iad gníomhaíochtaí comhchuraclaim a chothaíonn spiorad scoile agus braistint phobail, ina gcomhoibríonn daltaí agus múinteoirí le chéile go minic ar mhaithe leis an gcomhspríoc. Bíonn ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le mí-úsáid substaintí trí acmhainneacht phearsanta na ndaltaí a fhorbairt agus rud éigin cuiditheach a thabhairt dóibh le déanamh.

NAISC IDIR AN SCOIL AGUS AN POBAL

Bíonn tábhacht ag baint leis na naisc seo don mhodúl OSPA ar roinnt leibhéal. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go mbeadh an scoil ar an eolas faoi thosca a chuireann bac ar shaol na ndaltaí lasmuigh agus tar éis na scoile. Má táthar chun clár úsáide substaintí inchreidte a dhearadh do dhaltaí, caithfear saol na ndaltaí i ndáiríre a chur san áireamh ann. Ar an dara dul síos, is féidir le naisc mar sin oibriú ar obair atá déanta faoi mhí-úsáid substaintí san earnáil neamhfhoirmiúil trí ghrúpaí óige agus pobail sa cheantar áitiúil. Ar an mbealach sin, féadfaidh daltaí teachtaireacht chomhtháite agus struchtúrtha a fháil faoi mhí-úsáid substaintí a dhéanann ciall ina gcomhthéacs féin. Ar an tríú rud, tacaíonn naisc mar sin le hobair na dtuismitheoirí trí ligean dóibh a bheith rannpháirteach i gclár agus i bhforbairt beartais na scoile.

CUR CHUIGÍ PIAROIDEACHAIS

Is modh é seo atá in úsáid go forleathan san earnáil neamhfhoirmiúil, agus féadfaidh an mhodheolaíocht seo ó dhalta go dalta a bheith éifeachtach sa mhodúl OSPA a bhaineann le húsáid substaintí. D'fhéadfaidh daltaí breathnú go hamhrasach ar 'Chaint faoi dhruaí' ón

múinteoir; bíonn tionchar agus inchreidteacht bhreise i gceist má úsáidtear piaraí a bhfuil oiliúint speisialta acu sna cúrsaí nó go deimhin daltaí níos sine.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	1. Cén fáth drugaí?	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 12 Cad is Druga Ann? Ceacht 18 Na hÉifeachtaí atá le Táibléid a Úsáid lch.88 <i>Iarmhairtí</i> An fiú é? lch.10
	2. Alcól	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 14 Alcól inár Sochaí lch.68 <i>Iarmhairtí</i> Léaráid Drugaí lch. 33
	3. Tuaslagóirí	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Iarmhairtí</i> Léaráid Drugaí lch. 33
	4. Caitheamh Tobac agus na hiarmhairtí atá aige	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 15 Caitheamh Tobac - Cad Atá Ar Eolas Agat? Ceacht 16 Na hÉifeachtaí atá ag Caitheamh Tobac lch.74, lch.81 Healthy Living (Maireachtáil Shláintiúil) Oideachas faoi Chaitheamh Tobac lch.217
	5. • Caitheamh tobac - cén fáth? Cén fáth nach ndéanfá?	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 17 Caitheamh Tobac - Cad a Cheapann Tú? lch.83
Dó	1. Tionchar na ndrugáí	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 15 Suaimhneasáin: Tóraíocht an tSonais lch.74 On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 13 An Fáth a Úsáideann Daoine Drugaí lch.63 <i>Iarmhairtí</i> Tráth na gCeist ar Dhrugaí Dearcaí maidir le Drugaí lch.46,

		lch.50 Drugáí - Do Rogha Do Shaol Bileog ar fáil ón mBord Sláintiúil áitiúil
	2. • Alcól agus an tionchar atá aige	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 19 Alcól: Cad Atá Ar Eolas Agat? lch.92
	3. Alcól: cén fáth/cén fáth nach ndéanfá?	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Tionchair a Thuiscint</i> Ceacht 20 Alcól: Cad a cheapann tú? Lch. 99 On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 11 Ag an gCóisir Ceacht 13 Cinneadh a Dhéanamh Faoi Alcól Lch. 61. Lch. 75
	4. Cannabas agus an tionchar atá aige	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Iarmhairtí</i> Cártaí Drugaí Léaráid Drugaí lch.12, lch.33
	5. Cannabas; cén fáth/cén fáth nach ndéanfá?	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 14 Cad Atá do do Stopadh lch.78
Trí	1. Eacstais - i ndáiríre	XTC – eacstais Bileog ar fáil ón mBord Sláintiúil áitiúil On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 15 An Cóisir ‘Rave’ lch.84 <i>Iarmhairtí</i> Tráth na gCeist ar Dhrugaí Cártaí Drugaí Léaráid Drugaí Cad a dhéanfaidh mé? lch.46, lch.12, lch.33, lch.55
	2. Hearóin - i ndáiríre	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 16 Nósanna tógála drugaí atá ag daoine eile Ceacht 17 Na Chéad Chéimeanna lch.90 , lch.97 <i>Iarmhairtí</i> Cártaí Drugaí Léaráid Drugaí Tráth na gCeist ar Dhrugaí lch.12, lch.33, lch.46

SÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA

MODÚIL AR SHÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA SA CHURACLAM OSPS

Bliain a hAon

Trí

lch.26

lch.54

Bliain a Dó

lch.41

Bliain a

RÉAMHRÁ AR AN MODÚL SEO

Tá dhá shraith ar leith laistigh den modúl seo. Baineann sraith amháin le tosca laistigh den timpeallacht fhisiceach a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar an tsábháilteacht phearsanta. Clúdaítear sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht dóiteáin sa mhodúl seo chomh maith le cosc timpistí ar scoil agus sa bhaile. Dírionn an tsraith eile sa mhodúl ar fhorbairt na feasachta phearsanta agus scileanna féinchosanta - cosaint ó ionsaí agus cosaint ó chiapadh nó iompraíocht mhí-úsáideach. Lena chois sin, déileálann an modúl seo leis na bealaí chun cabhair a fháil má tharlaíonn bagairt nó ionsaí, nó má bhíonn inní faoi dhearcadh nó iompraíocht duine eile. Cuideoidh modúil eile - scileanna cumarsáide, agus muintearas agus imeascadh mar shampla - leis an dara snáithe den mhodúl ar shábháilteacht phearsanta.

SAINCHEISTEANNA DON SCOIL UILE

CLEACHTAIS SÁBHÁILTEACHTA

Cabhraíonn deachleachtais sábháilteachta ar scoil le nósanna maithe sábháilteachta a chothú nuair atáthar níos sine. Má bhreathnaítear ar chúrsaí sábháilteachta go dáiríre ar scoil, bíonn breis seans ann go mbreathnófar orthu go dáiríre lasmuigh den scoil. Beidh eolas ag múinteoirí ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta na Scoile, agus ar an gcleachtas a bhaineann leis an mbeartas sin. Lena chois sin, ba chóir do mhúinteoirí a bheith eolach ar Chleachtais um Chosaint Leanaí mar atá curtha in iúl ag Tús Áite do Leanaí - Treoiríníte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (1999).

GNÍOMHAIREACHTAÍ CABHRACH

Ba chóir do scoileanna ainmneacha agus uimhreacha teileafóin maidir le raon gníomhaireachtaí cabhrach a léiriú ar chláir fógraí mórtimpeall na scoile. Cuireann scoileanna áirithe a bhfuil a gcuid irisí féin acu liosta i gcló de gníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta agus áitiúla agus na

huimhreacha teagmhála atá acu. Bíonn go leor gníomhaireachtaí sásta cuairt a thabhairt ar scoileanna chun cuir i láthair a thabhairt do dhaltaí (féach comhairle faoi chuariteoirí ar lch.28 de na treoirlínte). Cabhraíonn na straitéisí seo ar fad chun daltaí a chur ar an eolas níos fearr faoi ghníomhaireachtaí agus na seirbhísí atá acu. Níos tábhachtaí ná sin, léirítear go bhfuil rochtain ar ghníomhaireachtaí mar sin ina ghnáthchuid den fhéinchosaint.

AN MODÚL SEO A MHÚINEADH

Bliain	Topaic	Acmhainní Úsáideacha
Aon	Aire a thabhairt duit féin	<p>Healthy Living (Maireachtáil Shláintiúil) Sábháilteacht ar Scoil Mo Léarscáil Bhóithre Druil Dóiteáin lch.117, lch.119, lch.127</p> <p>Healthy Choices (Roghanna Sláintiúla) Rud a Dhiúltú lch.73</p> <p>Healthy Times (Tréimhsí Sláintiúla) Fanacht Sábháilte lch. 75</p> <p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) Cumarsáid Threallúsach Ceacht 10 Cabhair a Lorg lch.70</p>
Dó	1. Taismí sa bhaile, ar scoil agus ar an bhfeirm	<p>Healthy Living (Maireachtáil Shláintiúil) <i>Cad is taisme ann</i> lch.122 Sábháilteacht ar Scoil lch.117</p>
	2. Braistint faoi bhagairt	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) Cumarsáid Threallúsach Ceacht 10 Cabhair a lorg Ceacht 11 Rud a Dhiúltú lch.70, lch.78 <i>Mothúcháin</i> Ceacht 8 Teirmiméadar Mothúcháin Ceacht 10 Déileáil le Fearg Ceacht 11 Sleaschéimniú lch.40, lch.48, lch.55</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 21 Glac Cúram lch.199</p>
Trí	1. An chontúirt a aithint	<p>On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Ceacht 10 Déileáil le Fearg Ceacht 11 Fearg a Shleaschéimniú lch.48, lch.55 <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 12 Nuair a dhéantar síob a thairiscint duit lch.68 <i>Iarmhairt</i> Cad a dhéanfaidh mé? lch.55</p> <p>Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais</p>

		Ceacht 22 Tréimhse Machnaimh lch.211
	2. Foréigean	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Mothúcháin</i> Leanaí agus Alcól; lch.62
	3. Gníomhaireachtaí cabhrach	On My Own Two Feet (Ar Mo Dhá Chois Féin) <i>Cumarsáid Threallúsach</i> Ceacht 10 Cabhair a Lorg lch.70 <i>Cinnteoireacht</i> Ceacht 16: Nósanna Drugaí atá ag Daoine Eile lch.90 Caidrimh agus Gnéasacht Ábhair Acmhainní Oideachais Ceacht 22 Tréimhse Machnaimh lch.211

NA hACMHAINNÍ

HEALTHY LIVING (MAIREACHTÁIL SHLÁINTIÚIL)

– Leabhar Múinteora

agus Obair Dhaltaí na Chéad Bliana

HEALTHY CHOICES (ROGHANNA SLÁINTIÚLA)

– Leabhar Múinteora agus Obair

Dhaltaí na Dara Bliana

HEALTHY TIMES (TRÉIMHSÍ SLÁINTIÚLA)

– Leabhar Múinteora agus Obair

Dhaltaí na Tríú Bliana

Bord Sláinte an Iarthuaiscirt

An tAonad um Chothú Sláinte

Béal Átha Seanaidh

Co. Dhún na nGall

Teil: 072-52000 Facs: 072-51287.

CLÁR COSANTACH I LEITH MÍ-ÚSÁID SUBSTANTÍ (SAPP)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,

Ar Fáil ó Sheirbhísí Tacaíochta O.S.P.S.

Institiúid Oideachais Marino

Ascaill Uí Ghríofa

Baile Átha Cliath 9

Teil: 01-805 7718 Facs: 01-853 5113

**ÁBHAIR ACMHAINNÍ MAIDIR LE hOIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA
SRAITH SHÓISEARACH NA hIARBHUNSCOILE**

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
Ar fáil ó Ionad Oideachais Dhroim Conrach
Droim Conrach Baile Átha Cliath 9

LEABHAR OIBRE SA CHÚRAM TRÉADACH DON tSRAITH SHÓISEARACH

J.M. Feheny
Folens Publishing
Teil: 01 451 5311
info@folens.ie

SEOLTAÍ ÚSÁIDEACHA

SEOLTAÍ ÚSÁIDEACHA MAIDIR LE hACMHAINNÍ AGUS EOLAS I NDÁIL LE hOIDEACHAS SLÁINTE

An tAonad um Chothú Sláinte, An Roinn Sláinte, Áras Hawkins, Sráid Hawkins, Baile Átha Cliath 2
Teil 01 6714711

Cumann Ailse na hÉireann 5 Bóthar Northumberland, Baile Átha Cliath 4
Teil 1800 200 700

Foras Croí na hÉireann 4 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 6685001 Facs: 01 6685896

Cumann na hÉireann um Shláinte Mheabhrach Áras Mensana, 6 Sráid Adelaide, Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath Teil 01 2841166 Facs 01 2841736

Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann 3 Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2 Teil 01 4784122

Fondúireacht Óige na hÉireann 20 Sráid Dhoimnic Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 01 879933

NA BOIRD SHLÁINTE OIFIGÍ UM CHUR CHUN CINN NA SLÁINTE

Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt, 15 Geata na Cathrach, Sráid San Agaistín, Baile Átha Cliath 8.
Teil 01-670 7987 Facs 01-670 7978

Bord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir, Foirgneamh APC, Bóthar na Móna, Bré, Co. Chill Mhantáin.
Teil 01-276 5682 Facs 01-201 4201

Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh, Aonad 2, Campas Gnó Soird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile
Átha Cliath.
Teil 01-8407059 Facs 01-840 7446

Bord Sláinte an Deiscirt, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, Ospidéal Súl, Cluas agus Scornach, Bóthar
an Iarthair, Corcaigh
Teil 021- 4923480 Facs 021-4923494

Bord Sláinte an Oirthuaiscirt, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, Sráid an Iarnróid, An Uaimh, Co. na
Mí.
Teil 046-764000 Facs 046 - 28818

Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cathair Chill Chainnigh, Co. Chill
Chainnigh.
Teil 056-61400 Facs 056-64112

Bord Sláinte an Iarthuaiscirt, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na
nGall.
Teil 072-52000 Facs 072-51287

Bord Sláinte an Iarthair, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, Clinic an tSeantalaimh, Gaillimh
Teil 091-523122 Facs 091-529416

Bord Sláinte an Iarthair Láir, Oifig um Cur Chun Cinn na Sláinte, Radharc na Páirce (Parkview), Sráid an Pheirigh, Luimneach
Teil 061-483218 Facs 061-483356

Bord Sláinte Lár Tíre, Oifig um Chur Chun Cinn na Sláinte, An Meal, 3ú Urlár, Sráid Liam, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Teil 0506-23588 Facs 0506-46747

MEASÚNÚ AGUS OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE

Is cuid den phróiseas múinteoireachta agus foghlama é an measúnú – tosaítear ag dearadh agus ag pleanáil na múinteoireachta agus foghlama don oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte, agus ansin caithfear an cheist a bhreithniú maidir le modh deartha agus pleanála an mheasúnaithe OSPS i ndáil le dul chun cinn na ndaltaí.

Mar sin féin, d'fhéadfadh fealsúnacht an mheasúnaithe a bheith i gcoinne phrionsabail tacaíochta an OSPS atá ag múinteoirí áirithe. Is cosúil go mbaineann measúnú le cúrsaí iomaíochta. Baineann OSPS le rannpháirtíocht. Is cosúil go mbaineann measúnú le gnóthachtáil a thomhas. Baineann OSPS le cabhair a thabhairt do gach duine rud éigin a bhaint amach. Féadfaidh measúnú catagóirí pas agus teipthe a shannadh do dhaltaí, ach féachann an OSPS deis a thabhairt do gach dalta taithí a fháil atá rathúil.

Eascraíonn teannas mar sin ón tuiscint atá ar mheasúnú mar **thomhas foghlama**. Baineann roinnt dúshlán tomhais leis an OSPS ó thaobh na peirspictíochta sin. Má bhíonn diminsean mothaíoch ag an OSPS mar shampla, conas is féidir 'dul chun cinn' maidir le mothúcháin agus dearcaí 'a thomhas'? Freagra amháin ná measúnú san OSPS a shrianadh go dtí gnéithe cognaíochta – dá réir sin déantar na rudaí atá *ar eolas* ag daltaí faoi dhruaí mar shampla a rangú mar ghné 'inmheasúnaithe' ach ní bhíonn na *dearcaí* faoi úsáid substaintí i gceist. Freagra eile ar an bhfadhb measúnaithe ná measúnú a shrianadh chuig féinmheasúnú amháin agus 'measúnuithe' a úsáid bunaithe ar bhileoga oibre inar féidir le daltaí cur síos a dhéanamh ar dhearcaí agus cibé ar bhain siad taitneamh as an gceacht/sraith ceachtanna agus na fáthanna a bhí acu.

Mar sin féin, le blianta beaga anuas, leis an bhfeabhas atá tagtha ar thuiscintí faoi mhodhanna foghlama agus ar an mbealach a théann foghlaimeoirí i ngleic le gníomhaíochtaí an tseomra ranga, tá tuiscintí nua ar chúrsaí measúnaithe ag teacht chun cinn. Eascraíonn na tuiscintí sin ó athrú bunúsach amháin – ó bheith ag breathnú ar mheasúnú mar thomhas ar an bhfoghlaim amháin go dtí tuiscint nua faoin ról atá aige **i gcur chun cinn na foghlama**.

TUISCINTÍ NUA AR MHEASÚNÚ

Tá tionchar ag na peirspictíochtaí nua seo ar an gcuraclam iomlán de réir mar a bhogann an fócas sa ghníomhaíocht mheasúnaithe ó mheasúnú **na** foghlama go dtí measúnú **chun** foghlama. Tá measúnú á athsholáthar laistigh den phróiseas múinteoireachta agus teagaisc ón suíomh traidisiúnta tar éis na foghlama chuig áit nua atá i gcroílár an phróisis foghlama. Féadfar roinnt príomhghnéithe measúnaithe a aithint laistigh den tuiscint nua seo. Ní bhaineann na gnéithe seo le hoideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte amháin, baineann siad le measúnú sa churaclam iomlán:

- Ba chóir go mbeadh measúnú mar chuid leanúnach den phróiseas múinteoireachta agus foghlama, agus go mbeadh daltaí, chomh maith le múinteoirí, chomh fada agus is féidir é, páirteach i roghnú a bhfuil le déanamh mar thoradh ar an measúnú.
- San ionad agus sa tréimhse foghlama a dhéantar an measúnú is luachmhaire
- Ba chóir don mheasúnú bunús a sholáthar do chumarsáid éifeachtach idir tuismitheoirí, daltaí agus na comhpháirtithe uile sa phróiseas foghlama
- Ba chóir go mbeadh rogha na n-ionstraimí measúnaithe bunaithe ar nádúr na foghlama lena bhfuil siad deartha le measúnú agus an cuspóir atá le comhlíonadh trí eolas ar bith a bhailítear.

Breathnaíodh ar mheasúnú mar rud chun eolas a bhailiú ón múinteoir ionas go bhféadfadh sé/sí pleanáil níos éifeachtaí a dhéanamh. Is amhlaidh atá an cás fós, ach cuirtear fócas breise anois ar roinnt an eolais leis an bhfoghlaiméir ionas gur féidir leis an bhfoghlaiméir foghlaim níos fearr a phleanáil dó/di féin. Lena chois sin, tá béim nua á chur ar an múinteoir ag éascú bailiú an eolais tríd an *bhfoghlaiméir* chun féinmheasúnú a cheadú.

Leagtar amach príomhghnéithe measúnaithe *na* foghlama agus measúnaithe *chun* foghlama thíos.

Measúnú <i>na</i> Foghlama	Measúnú <i>chun</i> Foghlama
Tarlaíonn sé seo tar éis don fhoghlaim a bheith curtha i gcrích	Is cuid lárnach den phróiseas foghlama é an measúnú
Bailíonn an múinteoir an t-eolas	Tugtar eolas don foghlaiméir

De ghnáth déantar marcanna nó gráid den eolas	Tá eolas a fáil faoi cháilíocht na foghlama
Bíonn tábhacht ag baint le feidhmíocht daoine eile	Baineann tábhacht le comparáid a dhéanamh idir aidhmeanna agus cuspóirí
Breathnaítear siar ar fhoghlaim a tharla roimhe seo	Breathnaítear ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile

Tá sé tábhachtach gan féachaint ar an bpéire mar chleachtas bhréagnaithe nó a thagann salach ar a chéile. Cé go mbeidh áit ag measúnú **na** foghlama san oideachas agus i gcleachtas an tseomra ranga agus na scoile i gcónaí, tairgeann forbairt an mheasúnaithe **chun** foghlama deiseanna nua do mhúinteoirí atá ag obair i réimsí áirithe den churaclam agus a fuair amach nach raibh cur chuigí traidisiúnta an mheasúnaithe oiriúnach dá riachtanais féin nó do riachtanais na ndaltaí.

MEASÚNÚ CHUN FOGHLAMA AGUS OSPS

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le measúnú chun foghlama ná an bhéim nua ar aiseolas. Baineann suntas áirithe leis ó thaobh oideachais sóisialta, pearsanta agus sláinte agus an bhéim ar leith maidir le féinfheasacht agus féinmheas na ndaltaí. Deir lucht tacaíochta an mheasúnaithe chun foghlama go ndéanann measúnú gan aiseolas measúnú a dhínascadh ón bpróiseas múinteoireachta agus foghlama; agus ní bhíonn fágtha ach gnáthamh ranga nó straitéis chun smacht a choinneáil. Cé gur féidir eolas ar ghnóthachtáil na ndaltaí nó cáilíocht na foghlama a bhailiú nó fiú amháin a thairgeadh, moltar nach dtarlaíonn fformheasúnú ach amháin nuair a dhéantar an t-eolas sin a roinnt leis an bhfoghlaiméir.

Tá tábhacht leis an mbealach a roinntear an t-eolas. Ní leagtar mórán luacha ar mharcanna, scóir nó oird ghrádaithe. Baineann sé seo leis an gcuraclam iomlán agus ní leis an OSPS amháin. Léiríonn taighde go bhfreagraíonn daltaí do bharúlacha cuiditheacha níos mó ná do mharcanna nó do ghráid. Is iad na daltaí sármhaithe amháin a bhíonn spreagtha ag scóir.

Chun tacú le deachleachtas measúnaithe i seomraí ranga OSPS, caithfidh múinteoirí ‘foireann ionstraimí measúnaithe’ a fhorbairt ó raon leathan cur chuigí measúnaithe ag eascairt ó thascanna ranga, go hobair bhaile agus measúnuithe níos struchtúrtha a d’fhéadfaí a úsáid ag deireadh modúil.

FOIREANN IONSTRAIMÍ MEASÚNAITHE A FHORBAIRT

Úsáideann múinteoirí ionstraimí measúnaithe agus go minic ní bhíonn a fhios acu go bhfuil siad á dhéanamh seo fiú.

Mar shampla, is foirm mheasúnaithe í ceisteanna a chur agus a bheadh ar eolas ag go leor múinteoirí. Tugann go leor múinteoirí trialacha ag deireadh na n-aonad oibre nó tugtar gníomhaíochtaí le déanamh sa bhaile mar mhodh measúnaithe. Is fiú a thabhairt ar aird mar sin féin, mar atá curtha in iúl thuas, nach dtarlaíonn measúnú trí cheisteanna a chur nó trialacha a shocrú go dtí go dtugtar **aiseolas** don fhoghlaimoir ag eascairt ón gníomhaíocht mheasúnaithe.

AN STRAITÉIS MHEASÚNAITHE CHEART A ROGHNÚ

Nuair atá straitéis mheasúnaithe á roghnú, caithfidh múinteoirí raon tosca a bhreithniú is féidir a ghrúpáil faoi thrí cheannteideal;

- nádúr na foghlama atá á measúnú
- riachtanais agus cumas na ndaltaí
- tosca praiticiúla agus eagrúcháin.

Féadfaidh na torthaí a thugtar ag deireadh gach modúil an rogha sin a threorú.

Toradh

- scrúdú déanta ar shaintréithe a bhaineann le Ullmhaíonn dalta fógra d'iris cara maith

B1 Cairdeas, lch.19

Straitéisí Measúnaithe

faoi gceannteideal *Cara Maith ag Teastáil*

Dearann daltaí Leathanach Baile 'Cairdeas'

do láithreán gréasáin nua dar teideal www.friend.com.

Straitéis aiseolais

Ar cuireadh na saintréithe a aimsíodh sa rang san áireamh san fhógra?

Cén cinn a fágadh ar lár? Cén láithreán gréasáin/fógra is fearr leat agus cén fáth?

Tabhair faoi deara sa sampla seo go ndéantar an measúnú a chomhtháthú go hiomlán sa straitéis múinteoireachta agus foghlama. D'fhéadfaí an smaoineamh faoin leathanach gréasáin a thabhairt isteach ag tús an cheachta agus ceacht iomlán a dhearadh bunaithe ar thógáil an láithreáin gréasáin. Spreagann an t-aiseolas an dalta níos mó a fhoghlaim agus foghlaim ó obair daoine eile. Ní tharlaíonn aiseolas i bhfoirm grád nó marcanna nó trí chur síos a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre. Tarlaíonn aiseolas trí phlé a bheith idir an foghlaimeoir agus an múinteoir.

Mar sin féin, bíonn cur chuige difriúil ag teastáil maidir leis an sampla a leanas mar is toradh difriúil arís atá á mheasúnú.

Toradh

- a bheith ábalta na hairíonna a a bhaineann le breoiteachtaí coitianta a ainmniú

B2 Sláinte Fhisiceach, lch.33

Straitéisí Measúnaithe

Dearann daltaí cleachtadh meaitseála idir airíonna agus breoiteachtaí do spriocghrúpaí difriúla – do leanaí atá deich mbliana d’aois mar shampla, nó do phinsinéirí.

Déanann daltaí ‘ceacht meaitseála’ idir airíonna agus breoiteachtaí

Straitéis aiseolais

Cad a bheadh le foghlaim ag duine ón tástáil a chur i gcrích?

Cén fáth go gcaithfidh na tástálacha a bheith difriúil?

Ar mheas tú go raibh an ceacht meaitseála éasca/deacair?

Cad iad na codanna ba dheacra agus cén fáth?

Tabhair faoi deara arís gur féidir an chéad cheann de na straitéisí measúnaithe a chomhtháthú sa phróiseas múinteoireachta agus foghlama. Tarlaíonn aiseolas arís trí phlé – féadfar tacú leis an dara cuid trí phróiseas ceistiúcháin idir daltaí. Oiriúnú breise ná rogha a thabhairt do dhaltaí - d’fhéadfadh na daltaí féin straitéisí mheasúnaithe atá le húsáid a mheasúnú.

RIACHTANAIS AGUS CUMAS NA NDALTAÍ

Baineann prionsabail na difreála le hoideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte ar an mbealach céanna le réimse ar bith eile den churaclam. Is príomhghné de ról gairmiúil an mhúinteora í an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim a dhearadh chun freastal ar riachtanais foghlama éagsúla an ghrúpa ranga. Difreáil – obair a bhfuiltear ag súil leis ó dhaltaí a mheaitseáil lena gcumas an obair sin a dhéanamh - is minic go mbíonn an dualgas seo ar an tasc is dúshlánaí agus is mó éilimh go teicniúil a bhaineann le hoideolaíocht. Bíonn an próiseas deartha beagnach go hiomasach i gcás cuid mhaith múinteoirí – tacaíonn múinteoirí le cur chuigí difriúla na foghlama trí raon leathan ábhar, trí stíleanna difriúla ceistiúcháin agus tascanna agus gníomhaíochtaí ranga agus trí fhoirmeacha measúnaithe difriúla mar chuid dá gcleachtas gairmiúil. **Beidh tacaíocht bhreise ar fáil faoi dhifreáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais**

speisialta acu sna Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Daltaí a bhfuil Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom acu.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur féidir le riachtanais na ndaltaí nó na ngrúpaí daltaí athrú le linn an téarma, agus fiú in aon lá amháin. Tuigeann múinteoirí go mbíonn pleanáil agus bainistíocht chúramach ag teastáil sa tréimhse dheiridh ar an Aoine agus bíonn spreagadh agus éagsúlacht ag teastáil ar an Luan! Ba chóir go mbeadh roghnú na straitéisí measúnaithe rialaithe ag prionsabail chéanna na difreála. Mar shampla

Toradh

- spriocanna pearsanta ar leith aitheanta don tríú bliain

B3 Muintearas agus Imeachadh, lch.44

Is grúpáil iad daltaí a bhfuil cumais éagsúla acu,

Straitéisí Measúnaithe

Déanann daltaí MO CHAIRT DON TRÍÚ BLIAIN agus is féidir é a líonadh isteach faoi na ceannteidil a leanas *scoil, caitheamh aimsire, cairdeas, teaghlach* nó Scríobhann daltaí cártaí comhghairdis chucu féin ag samhlú go bhfuil rud éigin bainte amach acu agus déantar a gcuid spriocanna maidir le ceacht na tríú bliana a sceidealú go luath ar maidin

Straitéisí aiseolais

Cén fáth gurbh fhiú an chairt nó an cárta a choinneáil?

Rangaigh do chuid spriocanna ó na cinn a mheasann tú a bheith ar na cinn is éasca agus is deacra.

Tabhair faoi deara go dtugtar rogha gníomhaíochtaí chun cur ar chumas daltaí gníomhaíocht eile a roghnú má bhíonn deacrachtaí acu le ceachtanna scríbhneoireachta. Bíonn sé úsáideach leideanna a chur ar fáil de réir catagóire freisin – bíonn deacracht ag daltaí rud a scríobh gan treoirlínte ar bith. Is gníomhaíochtaí scríofa agus aonair a bhíonn i gceist – bíonn deacracht ag ranganna áirithe dul i ngleic le grúpobair le linn ceachta a tharlaíonn go moch ar maidin (bíonn grúpaí ranga eile nach féidir dul i ngleic leo ó thaobh na grúpoibre ach AMHÁIN ag an am seo!) B'fhéidir arís go bhféadfaí an measúnú a chomhtháthú sa phróiseas foghlama agus múinteoireachta.

Tugann an sampla thíos léiriú breise ar dhifreáil trí thorthaí.

Tabhair faoi deara gur féidir le húsáid pictiúr agus na foghlama gníomhaí sa mheasúnú aird na ndaltaí a fháil ón tús. Tá tábhacht ag baint le leabhar oibre nó fillteán a chur san áireamh maidir le toradh a chuimsíonn gné phearsanta láidir.

Toradh

• fiosrú déanta maidir lena gcuid freagraí
mothúchána féin agus cinn a bhaineann le daoine eile

Straitéisí Measúnaithe

Tugtar liosta mothúcháin do dhaltaí
Fearg mórthimpeall orthu

Dobrón

Sonas

Frustrachas.

B1 Sláinte Mhothúcháinach, lch.22

Iarrtar ar dhaltaí grianghraif a roghnú ó
nuachtáin nó irisí a léiríonn

Bíonn líon suntasach daltaí
le droch-chumas léitheoireachta agus
leibhéil dírithe íseal

na mothúcháin agus caithfear iad a ghearradh amach agus
iad a ghreamú ar bhileog in aice leis an bhfocal.

Caithfidh siad pictiúr a roghnú freisin a bhaineann le
mothúchán a airíonn siad go rialta agus é a chur isteach
ina leabhar oibre/fillteán nó é a ghreamú ar an gclúdach.

Straitéis aiseolais

Cad a gheobhadh duine amach fút nuair a bhreathnódh sé ar an bpictiúr atá roghnaithe agat?
Cén pictiúr ba dheacra a aimsiú? Cén ceann ab éasca?

TOSCA PRAITICIÚLA AGUS EAGRÚCHÁIN

Má bhíonn rang OSPS sceidealta do thréimhse amháin in aghaidh na seachtaine - an cleachtas tráthchláraithe is coitianta sna scoileanna – bíonn tasc bríoch le comhlíonadh sa bhaile a fheidhmíonn mar straitéis mheasúnaithe agus mar mhodh chun tacú le leanúnachas idir ceachtanna. Ionas go bhfreastalaíonn tascanna baile ar an bhfeidhm sin, caithfear na nithe a leanas a dhéanamh:

- Dúshlán a thabhairt do dhaltáí tógáil ar obair atá déanta acu sa rang
- Aird na ndaltaí a dhíriú trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus bríocha
- Spreagadh a thabhairt do dhaltáí a gcuid smaointeoireachta agus taighde féin a dhéanamh
- Athleanúint/iad a úsáid sa chéad cheacht eile/iad a chur i láthair don mhúinteoir nó comhghleacaithe.

Go ginearálta breathnaítear ar obair bhaile a dhéantar a sheiceáil sa rang mar dhualgas agus obair atá ‘le déanamh don mhúinteoir’. Tugann tascanna cruthaitheacha agus samhlaíocha a fhaigheann aiseolas dearfach spreagadh níos fearr do dhaltáí agus feictear go bhfuil an obair sin á déanamh acu dóibh féin. Féadfar an toradh a bhaineann leis an bhfoirm mheasúnaithe sin a úsáid don fhillteán nó leabhar oibre OSPS (féach taifeadadh agus tuairisciú lch.66).

Toradh

Straitéisí Measúnaithe

- scrúdú déanta ar ghuaiseacha féideartha a bhaineann le mar thasc baile, ceacht a leanúint ag taisteal chun na scoile agus ar ais ar fheasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre, iarrtar ar dhaltáí monatóireacht a dhéanamh ar chontúirtí agus rioscaí a fheiceann siad ar an aistear B1 Sábháilteacht Phearsanta lch.26 chun na scoile nó ar ais trí lá an tseachtain seo chugainn. Tugtar bileog oibre ‘Gnó Rioscúil’ dóibh don ghné sin. (féach sampla) Úsáidtear na bileoga don ghrúpobair mar a leanas.

Ullmhaíonn grúpa daltaí amháin cuir i láthair ar stíl ‘Crimeline’ don rang a leagann amach cad atá feicthe acu agus cad atá tarlaithe. Ullmhaíonn grúpa eile na ceisteanna a chuirfear nuair a bheidh an cur i láthair thart.

Bailíonn grúpa eile eolas ón gcuid eile den rang chun na háiteanna is contúirtí ar an mbealach chun na scoile a fháil amach. Cuirtear iad seo ar phóstaer do chlár fógraí agus iris na scoile.

Scríobhann an ceathrú grúpa litir chuig stáisiún áitiúil na nGardaí ag insint dóibh faoi thorthaí an ranga.

Straitéis aiseolais

Tugtar seicliosta do dhaltaí maidir lena gcuid oibre féin agus iarrtar orthu an liosta a chur i bhfeidhm agus féachaint cén méid de na boscaí a gcaithfear tic a chur iontu. Bíonn bealaí éagsúla i gceist maidir leis an gcineál straitéise aiseolais seo:

- Féadfaidh múinteoir seicliosta a ullmhú roimh ré agus a thabhairt do dhaltaí **sula** ndéantar obair ar bith. (féach sampla).
- Féadfaidh múinteoir seicliosta a ullmhú roimh ré agus a thabhairt do dhaltaí **tar éis** obair ar bith a chur i gcrích.
- Féadfaidh na daltaí féin nó grúpa daltaí an seicliosta a ullmhú tar éis an obair a bheith curtha i gcrích (féach sampla).

Tugann gach rogha difriúil leibhéil rannpháirtíochta éagsúla don fhoghlaim sa phróiseas measúnaithe.

BILEOG OIBRE SAMPLACH

Gnó Rioscúil √

Dáta agus Am	Láthair	Cur síos/nádúr an riosca	Cé a bhí i mbaol?

Féadfaidh an oiread spásanna agus a aontóidh an rang a bheith sa bhileog oibre seo agus is féidir iad a shíneadh chun anailís níos sofaisticiúla a chur san áireamh – conas is féidir riosca a sheachaint mar shampla.

SEICLIOSTA SAMPLACH DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA BILEOIGE OIBRE
Gnó Rioscúil √

Cad iad na rudaí a chaithfear breathnú amach dóibh	Tá	Níl
Eolas faoi rioscaí a bhaineann le taisteal chun na scoile agus ar ais		
Moltaí faoi thurais a dhéanamh níos sábháilte		
Cúiseanna maithe atá le tábhacht na sábháilteachta ar bhóithre		

Cosúil leis an mbileog oibre féin, is féidir é seo a dhéanamh ar bhealach níos sofaisticiúla más gá. Féadfar catagóir ‘idir eatarthu’ cosúil le ‘in áiteanna’ nó ‘d’fhéadfadh sé a bheith níos fearr’ a chur leis de rogha an mhúinteora.

Tacaíonn agus cumasaíonn seicliosta mar sin, agus rannpháirtíocht na ndaltaí féin san ullmhúchán, le rannpháirtíocht ghníomhach an fhoghlaimora, ní hamháin ina gcuid foghlama féin, ach sa mhachnamh faoin mbealach a tharlaíonn an próiseas foghlama freisin.

TAIFEADADH/TUAIRISCIÚ SAN OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE

Tugann tuiscintí nua an mheasúnaithe mar chuid den phróiseas foghlama, mar aon le moltaí chun measúnú a fhorbairt i gcuraclam iomlán na sraithe sóisearaí, deis iontach do mhúinteoirí OSPS scileanna a fhorbairt maidir le raon leathan cleachtais mheasúnaithe. Beidh forbairt na scileanna sin tábhachtach mar thacaíocht do mhúinteoirí chun riachtanais an Achta Oideachais (1998) a chomhlíonadh trí dhul chun cinn leanaí a thuairisciú dá dtuismitheoirí.

Fuair tuismitheoirí/caomhnóirí eolas i gcónaí faoi dhul chun cinn leanaí trí chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, nó trí thuairiscí foirmiúla, a thugtaí ag deireadh an téarma go hiondúil. Lena chois sin, úsáideann go leor scoileanna dialann daltaí a bhíonn le síniú ag tuismitheoir/caomhnóir. Tá tacaíocht reachtúil anois ag teidlíocht na dtuismitheoirí maidir le heolas a fháil faoi dhul chun cinn a gcuid leanaí. Cuirtear OSPS san áireamh mar chuid den phróiseas sin, atá mar chuid de churaclam na ndaltaí uile.

Is tasc dúshlánach é tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn na ndaltaí san OSPS. Ní dócha go mbeidh múinteoirí OSPS in ann marcanna nó gráid chéatadánacha a bheith acu nuair a chasann siad le thuismitheoirí nó nuair a bhíonn tuairiscí á gcomhlánú acu. Ní thugann ‘comhoibríoch sa rang’ agus ‘rannpháirtíocht mhaith’ léargas soiléir ar dhul chun cinn na ndaltaí! Bíonn cathú ar mhúinteoirí OSPS nuair a chasann siad le thuismitheoirí, agus gan marcanna nó gráid ar bith acu, cuntas a thabhairt faoi phearsantacht na ndaltaí seachas cáilíocht na hoibre atá déanta acu san OSPS.

Tabharfar breis acmhainní do mhúinteoirí nuair a úsáidtear raon leathan ionstraimí measúnaithe mar bhonn tuairiscithe. Ba chóir do dheachleachtas an phróisis tuairiscithe OSPS na nithe a leanas a chur san áireamh;

- torthaí an mhodúil a múineadh le linn an téarma/tréimhse tuairiscithe
- fianaise ar an mbealach a bhain an dalta atá i gceist na torthaí sin amach
- moltaí faoin mbealach is féidir leis an dalta feabhsú sa chéad mhodúl eile.

Tá suntas ar leith ag baint leis na nithe deiridh má bhíonn an tuairisc nó aiseolas bunaithe ar obair an téarma roimhe sin, nó ar thástáil nó ar mheasúnú atá thart. Is mó úsáide atá san eolas faoi bhealaí is féidir le daltaí feabhsú sa todhchaí ná eolas faoi fheidhmíocht na ndaltaí i rith na bliana. Féadfaidh ráiteas nó marc a chuireann in iúl nach ndearna an dalta go maith, gan mholtaí soiléire feabhsúcháin ar bith, tionchar diúltach a bheith aige ar spreagadh na ndaltaí. Leis sin, caithfear idirdhealú a dhéanamh idir seanmóirí cosúil le (‘caithfidh tú déanamh níos fearr’) scríofa ar pháosa oibre nó ar thuairisc agus **treoir** tugtha maidir leis an modh feabhsaithe. Tugann an pointe deiridh spreagadh do dhaltaí sa chéad chéim eile den obair. Is féidir leis an gcéad rogha malairt tionchair a bheith aige.

AN FILLTEÁN OSPS

Bíonn tuairisciú maith bunaithe ar thaifeadadh maith. Ní gá i gcónaí go ndéanfaí an riachtanas taifeadta a shásamh trí thaifead an mhúinteora ar obair nó dul chun cinn na ndaltaí; féadfaidh taifead atá coinnte ag dalta i bhfillteán nó leabhar oibre a bheith i gceist freisin. Moltar go

láidir fillteán/leabhar oibre/punann mar seo a choinneáil don OSPS. Is féidir leis feidhmiú ar an mbealach a leanas;

- mar thaifead ar obair atá curtha i gcrích
- mar bhunús tuairiscithe do thuismitheoirí
- mar bhunús do dhámhachtain ‘teastais’ scoile (féach OSPS agus scrúdú an Teastais Shóisearaigh thíos)
- mar fhoinsé aiseolais atá dearfach
- mar eolas ag an bpointe aistrithe go dtí múinteoir/rang nó scoil eile
- mar bhunús maidir le féinmheasúnú na ndaltaí
- mar nasc tábhachtach idir an baile agus an scoil.

Caithfear na critéir a bhaineann le míreanna a chur san áireamh san fhillteán/leabhar oibre/punann a shonrú go soiléir agus a aontú le daltaí. Ní bhíonn sé oiriúnach gach ábhar atá curtha i gcrích ag daltaí a chur san áireamh – níl an fillteán rúnda nó príobháideach mar shampla. Féadfaidh na critéir chuimsithe obair atá curtha i gcrích go hiomlán a chuimsiú, nó obair a bhfuil aiseolas faighte aige. Feiceann múinteoirí áirithe go mbíonn sé úsáideach iarraidh ar dhaltaí gan a chur san áireamh ach obair a chuireann na hiarrachtaí is fearr a bhí acu in iúl, spreagann múinteoirí eile daltaí a bheith idirdhealaitheach trí roinnt míreanna a chur isteach.

Ní díreach bailiúchán de shamplaí oibre atá san fhillteán; is taifead atá ann ar dhul chun cinn agus rudaí atá bainte amach. Dá réir sin, caithfear aitheantas foirmiúil a thabhairt do mhír atá le cur san áireamh san fhillteán. Bealach amháin lena leithéid a dhéanamh ná lipéad fillteáin a thabhairt do gach mír a chuirtear san áireamh. Tugtar sampla thíos – féadfar formáidí éagsúla a oiriúnú chun freastal ar riachtanais éagsúla an ranga, na scoile nó an mhúinteora. Má bhíonn mír le cur isteach, féadfaidh an múinteoir lipéad atá le comhlánú a chur ar fáil don dalta. Tá síniú an mhúinteora agus síniú an dalta le feiceáil sa sampla thíos.

Féadfar an fillteán a chur ar fáil do chruinnithe le thuismitheoirí mar fhianaise ar obair na ndaltaí san OSPS. Ní mholtar gach mír atá le háireamh a ghrádú nó a mharcáil; mar sin, d’fhéadfadh

sé gur mhian le múinteoirí measúnú iomlán a dhéanamh ar an bhfillteán ag baint leasa as na critéir a leanas mar threoir

FILLTEÁN SÁRMHAITH/

GRÁD A

Roghnaigh an dalta míreanna uile an fhillteáin go cúramach. Tugtar cúiseanna maithe leis na míreanna uile a chur san áireamh. Tá an fillteán curtha i gcrích go hiomlán agus cuirtear na míreanna sonraithe san áireamh. Tá an fillteán néata agus curtha i láthair go maith.

FILLTEÁN MAITH/GRÁD B

Roghnaigh an dalta tromlach na míreanna san fhillteán seo go cúramach. Tugtar cúiseanna maithe le tromlach na míreanna a chur san áireamh. Féadfaidh breis smaointeoireachta a bheith ag teastáil maidir le míreanna áirithe. Tá an fillteán curtha i gcrích go hiomlán agus cuirtear na míreanna sonraithe san áireamh. Tá an fillteán néata agus curtha i láthair go maith.

FILLTEÁN A THÓGANN BREIS OIBRE/GRÁD D

Roghnaigh an dalta cuid de mhíreanna an fhillteáin seo go cúramach, ach is léir go bhfuil cinn áirithe curtha san áireamh gan lipéid atá curtha i gcrích. Níl an fillteán curtha i gcrích go hiomlán agus ní chuirtear roinnt míreanna sonraithe san áireamh.

Is ar mhaithe le treoir amháin iad na critéir – is féidir le múinteoirí an oiread catagóirí agus is mian leo a bheith acu. Cibé critéir a úsáidtear, ba chóir iad a thabhairt do dhaltaí. Ag baint leasa as na critéir, cheadódh oiriúnú ar an bpróiseas do dhaltaí grád a shannadh iad féin. Léiríonn taithí gur annamh a bhíonn difríocht idir iad agus measúnú an mhúinteora féin!

Má dhéantar na critéir seo a úsáid, tá sé riachtanach go dtabharfaí straitéisí praiticiúla feabhsúcháin do dhaltaí don chéad chéim eile den fhillteán.

An Fillteán Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	
Teideal na míre roghnaithe	
Dáta an rogha	
Modúl	
Cúis leis an rogha	
Síniú an dalta	Síniú an mhúinteora

BILEOG TAIFID

Chomh maith le/in ionad straitéis an fhillteáin chun bileog taifid a thaifeadadh agus a thuairisciú bunaithe ar thorthaí an churaclaim OSPS, is féidir léi feidhmiú mar acmhainn úsáideach freisin maidir le féinmheasúnú na ndaltaí.

Tá sampla de bhileog mar sin le feiceáil thíos. Baineann an bhileog seo leis an modúl Tionchair agus Cinntí i mBliain 2 (lch.38).

Tionchair agus Cinntí

<i>De thoradh rannpháirtíochta sa mhodúl seo</i>	<i>Is cinnte go bhfuil dul chun cinn déanta agam!</i>	<i>Sea – tá sé seo déanta agam</i>	<i>Ní go baileach – Ní dóigh liom go ndéanann sé sin cur síos orm</i>
Rinne mé measúnú ar na tionchair is láidre ar dhearcaí agus iompraíocht			
Táim eolach ar an ról atá agam féin ó thaobh tionchair a bheith agam ar iompraíocht agus ar dhearcaí daoine eile			
Rinne mé forbairt ar mo chuid scileanna cinnteoireachta agus táim eolach ar an ngá atá le machnamh le linn an phróisis cinnteoireachta			

OSPS I SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

Soiléiríonn curaclam OSPS na sraithe sóisearaí nach gcuirfear OSPS san áireamh

i scrúdú an Teastais Shóisearaigh mar atá an scrúdú leagtha amach i láthair na huaire. Níl aon phleananna ann páipéar scrúdaithe a thabhairt isteach san OSPS, nó scrúdú ar thionscadal nó leabhrán a bhaineann le hobair an chúrsa. Ní thagann OSPS leis na cineálacha measúnaithe a bhaineann le measúnú teastais go hiondúil.

Faoi shocruithe reatha, níl sé indéanta tagairt don rannpháirtíocht nó gnóthachtáil san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte maidir leis an Teastas Sóisearach a bhronntar ar dhaltaí ag deireadh na sraithe sóisearaí. D'fhéadfadh forbairtí sa todhchaí raon gnóthachtálacha níos leithne a chur san áireamh ná torthaí scrúdaithe an teastais. Idir an dá linn, d'fhéadfadh scoileanna smaoineamh faoi theastas dá gcuid féin a bhronnadh ar dhaltaí ag deireadh cúrsa na sraithe sóisearaí OSPS.